Cuideachta
Phort Chorcaí




# Tuarascáil Bhliantúil 2021




# Cuideachta Phort Chorcaí Tuarascáil Bhliantúil 2021

Ina bhfuil na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2021, Ráiteas an Chathaoirligh agus Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh Chuideachta Phort Chorcaí.



# Cuideachta Phort Chorcaí Tuarascáil Bhliantúil Clár Ábhar.


| | |
|---|---|
| **TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH** | **6** |
| **TUARASCÁIL PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH** | **32** |
| **CONSOLIDATED FINANCIAL STATEMENTS FOR THE FINANCIAL YEAR ENDED 31 DECEMBER 2021** | |
| **Stiúrthóirí agus faisnéis eile** | **44** |
| **Tuarascáil na Stiúrthóirí** | **45** |
| **Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí** | **56** |
| **Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách** | **59** |
| **Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais** | **65** |
| **Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach** | **66** |
| **Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais** | **67** |
| **Ráiteas ar staid airgeadais na máthairchuideachta** | **68** |
| **Ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid** | **69** |
| **Ráiteas comhdhlúite ar athruithe sa chothromas** | **70** |
| **Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite** | **71** |




# Cuideachta Phort Chorcaighe
# Tuarascáil an Chathaoirligh

# Cuideachta Phort Chorcaighe
# Tuarascáil an Chathaoirligh



Michael Walsh
Cathaoirleach


**Bliain an-sásúil do Phoirt Chorcaí agus Bheanntraí ab ea 2021, agus tuairiscíodh tréchur tráchta comhdhlúite iomlán de 10.57 milliún tonna (2020: 10.54 milliún), i bhfianaise phaindéim Covid agus na ndúshlán a bhain leis an mBreatimeacht. Tháinig feabhas mór ar an mbulclasta leachtach agus ar an lastas lasta ghinearálta, ar ardú ann/ardú as coimeádán, ar longa coimeádán/lastlonga róró agus ar iompórtáil gluaisteán trádála in 2021. Bhí iompórtálacha bulclasta thirim ar aon dul le 2020, ach tháinig laghdú mór ar an tréchur ag saoráid stórála ola Fhaoide i mBeanntraí. Tháinig feabhas ar láimhdeachas Chuideachta Phort Chorcaí agus ar an mbrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin in 2021 mar thoradh ar an méadú ar an trácht sa phort mar aon le béim mhór ar an éifeachtúlacht.**

**Table 1: Port of Cork and Bantry**
**Summary of Trade Figures to December**

| Metric Tonnes '000 | Dec-21 | Dec-20 | DIFF | % |
|---|---|---|---|---|
| Port of Cork | 10,075 | 9,218 | 857 | 9% |
| Bantry Bay Port | 501 | 1,318 | (816) | (62%) |
| Total | 10,577 | 10,536 | 41 | 0% |

Tháinig méadú 13% ar an líon Coimeádán TEU (aonad coibhéise fiche troigh) go 281,816 TEU (2020: 250,209 TEU). Ba é sin an líon ba mhó riamh, agus tá sé ina thoradh ar choinneáil an tráchta atá ann cheana féin agus tús roinnt seirbhísí díreacha go dtí an Eoraip ó Rinn an Scidígh tar éis an Bhreatimeachta. Mar thoradh ar Covid 19, cuireadh na longa cúrsála ar ceal agus chuir Brittany Ferries siar gach seoladh go dtí Iúil 2021. Ba é laghdú mór ar an trádáil ag saoráid Zenith ag Faoide an chúis leis an laghdú ar an tréchur i mBeanntraí.

*Graf 1: Feabhas ar ioncam oibriúcháin (láimhdeachas)*
*agus ar bhrabús oibriúcháin roimh dhiúscairt sócmhainní agus roimh cháin..*




Cuideachta Phort Chorcaighe
Tuarascáil an Chathaoirligh

Ba é €39.8 milliún (2020: €33.7m) láimhdeachas Chuideachta Phort Chorcaí do 2021, agus ba mhéadú 18% nó €6.1m é sin. Ba é €6.9m (2020: €5.3m) an brabús roimh an ngnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta agus roimh cháin, agus ba mhéadú €1.6m nó 30% é sin. Chuir an Chuideachta díol Theach an Chustaim i gcrích ag deireadh mhí Eanáir 2021, rud a ghin brabús €4.2m ar dhiúscairt Sócmhainne Seasta. Bhí sé ina chúis le brabús €11m ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin (2020: €5.3m). Bhí an barrachas íseal in 2020 mar thoradh díreach ar phaindéim Covid 19. Bhí costais eisceachtúla thart ar €1m ag an gCuideachta in 2021 ag eascairt as an aistriú ó Chríochfort Coimeádán Tivoli chuig Críochfort Coimeádán Rinn an Scidígh (CCT) agus as dliteanais bhreise a aithint.



# 2020 – paindéim dhomhanda Covid 19:

Mheas an Bord Stiúrthóirí gur riosca mór don Chuideachta a bhí i bpaindéim Covid 19, agus ghlac siad bearta chun tionchar na paindéime a laghdú an oiread agus ab fhéidir, tráth ar sonraíodh an port ina sheirbhís bhunriachtanach. Dá bhrí sin, ghlac an Chuideachta bearta iomchuí chun a hinbhuanaitheacht airgeadais a chothabháil amhail tabhairt faoi phróis-eas chun a bonn costas a laghdú go mór. D'éirigh léi ioncam breise a aimsiú freisin, agus rinne líon níos mó seirbhísí díreacha long coimeádán/lastlong róró (ConRo) go dtí an Bheilg cúiteamh ar an laghdú ar longa cúrsála agus ar sheoltaí Brittany Ferries.

**I measc bhuaicphointí na Cuideachta in 2021, áirítear:**

- D'eisigh Innealtóir (RPS) Chríochfort Coimeádán Chorcaí (CCT) i Rinn an Scidígh an Teastas Glactha Freagrachta le haghaidh Iomlán na nOibreacha an 16 Iúil 2021. Lá mór a bhí ann don Chuideachta mar cinnteofar leis go mbeidh longa ag teacht ó phoirt i bhfad i gcéin chun na saoráide iontaí seo chun lasta a lódáil nó a dhílódáil ar feadh caoga bliain agus níos mó amach romhainn.

***Pictiúr 1:*** *Grianghraf de Chríochfort Coimeádán Chorcaí i Rinn an Scidígh. Cuireadh an Críochfort i*



*gcrích ar chostas €89m, agus glacadh an grianghraf an 26 Iúil 2021 agus an dá chraein idir long is tír suiteáilte ar an gcé.*

Leis an infheistíocht €89 milliún sin sa Chríochfort i Rinn an Scidígh, soláthraítear Beart Aonair Barrfheabhsaithe 360m, dhá chraein idir long is tír de chuid Liebherr, ocht n iompróir gabhalscartha bhreise a ceannaíodh don aistriú ó Tivoli, foirgneamh cothabhála le haghaidh na n iompróirí gabhalscartha, agus saoráidí nua Custam agus Máil. Cuimsítear leis freisin Limistéar Áineasa ag Pointe Phádraig, bealach isteach nua don Bheart Domhain, agus gréasáin bóithre nua sa phort féin.

Tháinig an Chuideachta ar chomhaontú in 2017 maidir le struchtúr cistiúcháin nua le haghaidh Athfhorbairt Phort CCT Rinn an Scidígh in éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), le AIB agus leis an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ).



Cuideachta Phort Chorcaighe
Tuarascáil an Chathaoirligh

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh anois go gcuirfear i gcrích bóthar an M28 chun Rinn an Scidígh a nascadh le líonra mótarbhealaí an stáit. Gan an nasc ríthábhachtach sin, beidh CCT ag feidhmiú ag 50% dá acmhainneacht deartha.

- Mar fhoinse bhreise cistí le haghaidh CCT Rinn an Scidígh, dhíol an Chuideachta áitreabh Theach an Chustaim ar Ché Theach an Chustaim i lár cheantar na ndugaí i gCorcaigh agus d'fhág an Chuideachta an t áitreabh an 31 Eanáir 2021.
- Baint amach thréchur 10.6m tonna, láimhdeachas €39.8m, brabús €6.9m ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh dhiúscairt sócmhainní agus roimh cháin, agus iarmhéid bainc €23.9m ag deireadh na bliana.
- 5.2m tonna de thrácht bulclasta leachtaigh, méadú 8%.
- 281,816 TEU a bhí sa trácht coimeádán iomlán, an líon ba mhó riamh. Ba mhéadú 13% é sin ar an mbliain roimhe. I mí an Mhárta 2022, bronnfar Duais an Ambasadóra, 2022, de chuid Chomhlachas Gnó na hÉireann agus Mheiriceá ar Phort Chorcaí in éineacht le ICL agus Penn Terminals as a bheith ag obair as lámha a chéile chun bealach long rathúil ICL idir Corcaigh agus Chester, Philadelphia sna Stáit Aontaithe a sheoladh agus a chothabháil.
- Iompórtáladh 1.4 milliún tonna de bhulclasta tirim, a bhí ar aon dul le 2020.
- Turais mhara – faraor, mar thoradh ar Covid 19, b'éigean don Chuideachta aghaidh a thabhairt ar chliseadh ghnó na long cúrsála agus na turasóireachta agus chuir Brittany Ferries báid turasóireachta siar go dtí mí Iúil. Cuireadh tús le gnó na long cúrsála agus seoltaí Brittany Ferries arís in Aibreán 2022.
- Rinne Cuideachta Forbartha Mhuiríne Bhéal an Bhealaigh DAC (BMDC) máistirphlean do Phointe Marino a chur i gcrích. Cheadaigh Comhairle Contae Chorcaí iarratas pleanála le haghaidh oibreacha cumasúcháin, agus cheadaigh an Bord Pleanála an t iarratas ina dhiaidh sin. Chuir Gouldings iarratas pleanála eile faoi bhráid na Comhairle Contae i Nollaig 2020 chun saoráid iompórtála bulclasta a thógáil. Cheadaigh an Chomhairle Contae an t iarratas an 17 Feabhra 2022 agus coinníollacha leis. Meastar go ndéanfar an t iarratas pleanála sin a achomharc leis an mBord Pleanála.
- Thángthas ar chomhaontú le Lanber chun scairsheilbh Chuideachta Phort Chorcaí in BMDC a mhéadú go dtí 51%, agus táthar ag fanacht ar chead ón Aire chun dul ar aghaidh leis an idirbheart sin. Tá tábhacht straitéiseach leis an idirbheart sin mar beidh leas urlámhais ag an gCuideachta i sócmhainn thábhachtach.
- Tá Céim 1 d'Fhorbairt Chuan Laistigh Bheanntraí curtha i gcrích anois, agus tá forbairtí eile i mBeanntraí á mbreithniú i gcónaí.
- Thoiligh an Bord Stiúrthóirí trádstóras i bPort Rinn an Scidígh, sócmhainn nach bunsócmhainn í ar a dtugtar Buckeye, a dhíol agus tá sé i gceist an t áitreabh a dhíol faoin 6 Bealtaine 2022. Iarradh cead ón Aire chun leanúint leis an díolachán.
- Chuir an Chuideachta iarratas faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta chun pointe cigireachta teorann (PCT) a bhunú i gCorcaigh. Chuirfeadh sé feabhas ar an éifeachtúlacht fhoriomlán oibríochtaí agus laghdódh sé lorg carbóin na trádála.

- I bhfianaise na hathfhorbartha a dhéanfar ar láithreán Tivoli amach anseo, chuir Tyrens Reddy, ailtirí, Creat Mháistirphlean Dhugaí Tivoli le chéile agus rinne Savills Property Advisors Athbhreithniú Tráchtála ar Chreat Forbartha Dhugaí Tivoli. Tá gnólacht comhairliúcháin innealtóireachta ceaptha ag an gCuideachta chun rochtain bóithre níos fearr, stáisiún iarnróid do chomaitéirí, agus rotharbhealach chuig láithreán Tivoli a dhearadh agus a thabhairt chun pleanála. Chuir an Chuideachta iarratais faoi bhráid na Roinne Iompair chun cead a fháil (i) chun talamh ruílse Tivoli a cheannach agus (ii) chun fochuideachta a chruthú a dhéanfadh bainistíocht neamhspleách ar fhorbairt Tivoli.
- Teagmháil leanúnach le custaiméirí móra as ar eascair seirbhísí díreacha breise ConRo ón Eoraip go Rinn an Scidígh.
- Creidiúnuithe leanúnacha OHSAS 18001 (Sláinte agus Sábháilteacht), ISO14001 (Comhshaol), ISO 50001 (Fuinneamh), IPSEM agus ISPO (Píolótaíocht mhara).
- In anticipation of the future redevelopment of the Tivoli site, a Tivoli Docks Masterplan Framework was completed by Architects Tyrens Reddy and a Tivoli Docks Development Framework Commercial Review was completed by Savills Property Advisers. The Company has appointed an Engineering Consulting firm to design and bring to planning enhanced road access, a commuter rail station and cycleway to the Tivoli site.
- Constant engagement with Key Customers leading to additional Con-Ro services direct from Europe to Ringaskiddy.
- OHSAS 18001 (H&S), ISO14001 (Environment), ISO 50001 (Energy), IPSEM and ISPO (Marine Pilotage) continued accreditations.

## Dúshláin airgeadais:

Mar a shonraítear thuas, fuair an Chuideachta iasachtaí ó BEI (€30m) agus AIB (€30m) chun athfhorbairt CCT i Rinn an Scidígh a chistiú. Ní mór aisíocaíochtaí bliantúla úis agus caipitil timpeall €5m a dhéanamh in aghaidh na bliana sna 5 bliana amach romhainn, anuas ar an ngá atá ann trealamh láimhseála lasta a athsholáthar. Rinne EY luacháil ar an gCuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2020 ar son na Roinne Iompair bunaithe ar shreafaí airgid amach anseo, agus ba é €99m an luach a cuireadh ar an gCuideachta in ainneoin luach sócmhainní €163m ar an gclár comhardaithe ar an dáta sin.


Is é fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas sin amach anseo an fhadhb chriticiúil atá le sárú ag an gCuideachta. Ní féidir dul i ngleic leis ach trí leanúint de chostais a laghdú, an gnóthas a oibriú chomh héifeachtúil agus is féidir, athbhreithniú a dhéanamh ar ár mbonn sócmhainní, luach a chur lenár seirbhísí agus gnó nua a mhealladh. Sa chomhthéacs sin, bheadh faomhadh tráthúil an Aire ar roinnt gnéithe an-chabhrach ar fad.

## Díbhinní leis an Roinn Airgeadais curtha siar de bharr Covid 19:

Is é beartas Bhord Stiúrthóirí na Cuideachta tacú leis an Scairshealbhóir agus díbhinn bhliantúil a íoc, agus an clár caiteachais chaipitiúil agus an t easnamh ó thaobh pinsin de atá le sárú ag an gcuideachta á gcur san áireamh agus an díbhinn bhliantúil á fógairt. Beidh clár caiteachais chaipitiúil beagnach €100 milliún tabhaithe ag an gCuideachta sa tréimhse cúig bliana go dtí deireadh 2022, chun leasa an stáit, an gheilleagair áitiúil, réigiúnaigh agus náisiúnta, agus na gcustaiméirí. Faraor, b'éigean don Chuideachta an íocaíocht díbhinne a chur siar in 2021 de bharr na n impleachtaí airgeadais a bhain le Covid 19. Ag cruinniú Boird an 28 Márta 2022, d'fhaomh an Bord Stiúrthóirí íocaíocht díbhinne €250,000 agus cóimheas giarála reatha na Cuideachta á chur san áireamh.

**Port of Cork Company**
**Consolidated Container Trade Volumes 2021 to 2017**

| (TEUs '000) | 2021 Actual | 2020 Actual | 2019 Actual | 2018 Actual | 2017 Actual |
|---|---|---|---|---|---|
| Total Container Volumes | 282 | 250 | 240 | 230 | 218 |




## Feidhmíocht Trádála:

Tá Port Chorcaí ar an dara port is mó sa Stát ó thaobh láimhdeachais de, agus láimhseáiltear ann gach cineál lastais lena n áirítear lóló, bulclasta leachtach, bulclasta tirim, lastas lasta ghinearálta, rolladh ann, rolladh as, agus longa cúrsála. Thuairiscigh Poirt Chorcaí agus Bheanntraí tréchur tráchta comhdhlúite iomlán de 10.6 milliún tonna in 2021, tréchur a bhí ar aon dul le 2020. Cé gur tháinig méadú 857,000 tonna méadrach nó méadú 9% ar an trádáil ag Port Chorcaí, tháinig laghdú 817,000 tonna méadrach nó laghdú 62% ar an tonnáiste i mBeanntraí mar gheall ar an meath ar thrádála ola ar an margadh idirnáisiúnta.


Oil Ba é 5.0 milliún tonna (2020: 4.6 milliún tonna) an trácht ola ag Scaglann Irving an Gheata Bháin, agus ba mhéadú 0.4 milliún tonna nó 8% é sin mar thoradh ar ghníomhaíocht níos mó.

1.7 milliún tonna a bhí sa trácht neamhola cé is moite de lasta aonadaithe (.i. bia ainmhithe, leasacháin, lasta tionscadail, lastas lasta ghinearálta srl) in 2021, a bhí gan athrú ar an iomlán ó 2020. Tháinig méadú ar iompórtálacha neamhola adhmaid, gáis, stroighne agus moláis, agus tháinig laghdú ar iompórtálacha bia ainmhithe, leasacháin, ceimiceán agus draimh. Tháinig méadú 22% ar iompórtálacha gluaisteán trádála go dtí 36,642 aonad.

281,816 TEU a bhí i dtrácht coimeádán an Phoirt in 2021, an líon ba mhó riamh. Ba mhéadú 31,607 TEU nó 13% é sin ar 250,209 TEU in 2020, mar thoradh ar thús seirbhísí díreacha nua ConRo idir an Eoraip agus Rinn an Scidígh go príomha.

**Port of Cork Company Trade Volumes to 31st December**

| Metric Tonnes '000 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| Oil Traffic | 5,222 | 4,822 | 4,940 |
| Non-Oil Traffic (excl Containers) | 1,788 | 1,765 | 1,741 |
| Containerised Traffic (Lo-Lo & Ro-Ro) | 3,065 | 9,218 | 2,685 |
| Total PoC Traffic Volumes (metric tonnes) | 10,075 | 9,218 | 9,366 |




Chuir paindéim dhomhanda Covid 19 dúshlán roimh thionscal na turasóireachta agus na long cúrsála ar fud an domhain agus, mar thoradh air sin, níor tháinig aon long chúrsála ar bith i dtír i bport Éireannach in 2021. Anuas air sin, chuir Brittany Ferries siar tús sheoladh an bháid farantóireachta sheachtainiúil go Roscoff go dtí Iúil 2021.

## Saoráidí Láimhseála Coimeádán ag Tivoli:

Le blianta beaga anuas, d'fhaomh an Bord Stiúrthóirí infheistíocht bhreise i gcríochfort coimeádán Tivoli chun freastal ar an méadú thart ar 20% atá tagtha ar an trácht coimeádán sna sé bliana seo a chuaigh thart. Ar na hinfheistíochtaí sin, bhí suiteáil cuisneoirí breise, freastal ar ghluaiseacht tionóntaí ceadúnais cóngaracha, iompróirí gabhalscartha nua agus athláimhe a cheannach, digitiú le cur i bhfeidhm córais nua uathoibríoch geataí le haghaidh leoraithe agus córais áirithinte feithiclí, agus tabhairt isteach córais rothlaithe oibre. Bhí mar thoradh ar na bearta sin saoráidí coimeádán níos fearr, aga athluchtaithe níos lú le haghaidh leoraithe agus brú tráchta níos lú ag Críochfort Coimeádán Tivoli, agus déanfar an rud céanna in CCT i Rinn an Scidígh. Faraor, tá brú tráchta sna port go léir mar thoradh ar an gcur isteach ar an sceideal loingseoireachta i poirt san Eoraip le sé mhí anuas de bharr Covid.





D'fhoilsigh Bonneagar Iompair Éireann a phleananna caipitil le haghaidh na ndeich mbliana amach romhainn in Eanáir 2022. Sna pleananna sin, sonraítear go gcuirfear tús leis an obair ar dhébhealach an M28 go Rinn an Scidígh sa tréimhse "2026-2030". Más amhlaidh an scéal, is dócha nach mbeidh an M28 críochnaithe go dtí 2030 ar a luaithe. Tá impleachtaí ann d'acmhainneacht CCT, atá faoi shrian ag coinníollacha sa chead pleanála do CCT nach sárófar 320k TEU ann. Léirítear i Máistirphlean na Cuideachta go mbainfear an acmhainneacht sin amach i bPort Chorcaí in 2024/2025. Dá bhrí sin, beidh ar Phort Chorcaí leanúint d'oibríochtaí lóló a fheidhmiú in Tivoli chun freastal ar an éileamh ar acmhainneacht i measc ár gcustaiméirí go dtí go mbeidh an M28 curtha i gcrích.

Léiriú atá in infheistíochtaí na Cuideachta chun freastal ar ghnó na gcoimeádán in Tivoli agus i Rinn an Scidígh ar thiomantas Phort Chorcaí do leanúint de ghnó na gcoimeádán a mhéadú agus, dá réir sin, spreagadh a bhfuil géarghá leis a thabhairt don trádáil iompórtálacha agus easpórtálacha in Éirinn. Tá na soithí coimeádán a thagann i dtír i Rinn an Scidígh ar na soithí is mó ar féidir freastal orthu in Éirinn, rud a léiríonn an acmhainn dhomhain atá i bPort Chorcaí.

## Athfhorbairt an Phoirt ag Rinn an Scidígh:

Mar thoradh ar na srianta a bhaineann leis na saoráidí lóló atá ann cheana féin i gCríochfort Coimeádán Tivoli (doimhne an uisce, leithead le haghaidh bhogadaíl an tsoithigh, acmhainneacht an chríochfoirt ar thaobh na talún), ní mór gnó na gcoimeádán a athlonnlú níos faide síos an abhainn sa chuan íochtair ag Rinn an Scidígh. Teastaíonn ó thrádálaithe muirí a bheith in ann teacht isteach chuig an gcuan agus imeacht amach as chomh tapa agus is féidir. Bainfidh an Port, custaiméirí an Phoirt, an chathair, pobal Chorcaí níos leithne, agus an réigiún trí chéile tairbhe as an athfhorbairt ar CCT.





*__Pictiúr 2:__ léirítear anseo na srianta a bhaineann leis na saoráidí lóló atá ann cheana féin i gCríochfort Coimeádán Tivoli (doimhne an uisce, leithead le haghaidh bhogadaíl an tsoithigh, acmhainneacht an chríochfoirt ar thaobh na talún).*
*__Fíor 1:__ Cuimsítear le Céim 1 d'Fhorbairt CCT ag Rinn an Scidígh Beart Aonair Barrfheabhsaithe 360m, córas oibrithe iompróra gabhalscartha, agus foirgnimh nua chothabhála agus Custam agus Máil.*

Chuir BAM Civil Limited, an conraitheoir ceaptha, CCT Rinn an Scidígh i gcrích an 16 Iúil 2021 (féach Pictiúr 1 thuas). Cuireadh tús leis an tógáil sa chéad ráithe de 2018. Suiteáladh an dá dhroichead iompair idir long agus tí ar an gcé i lár mhí Iúil. Soláthraítear leis an infheistíocht sin Beart Aonair Barrfheabhsaithe 360m, dhá chraein nua idir long is tír, córas oibrithe

iompróra gabhalscartha, agus foirgneamh nua cothabhála le haghaidh na n iompróirí gabhalscartha agus foirgneamh nua Custam agus Máil, agus córas digiteach áirithinte feithiclí. Cuimsítear leis freisin Limistéar Áineasa ag Pointe Phádraig, bealach isteach nua don Bheart Domhain, agus gréasáin bóithre nua sa phort féin.

Costas €89m a bhí ar fhorbairt CCT, lena n áirítear costas €50 milliún ar bhonneagar agus costas €18 milliún ar fhorstruchtúr (craenacha / iompróirí gabhalscartha). Anuas ar úsáid a bhaint as cúlchistí airgid thirim na Cuideachta agus tacaíocht airgeadais ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (AE), tháinig an Chuideachta, le cead an Aire, ar chomhaontú maidir le struchtúr cistiúcháin le haghaidh Athfhorbairt Phort CCT Rinn an Scidígh le BEI (€30m), AIB (€30m) agus CISÉ. Tharraing an Chuideachta €20 milliún anuas ó AIB AIB in 2021, tar éis di €10m a tharraingt anuas ó AIB agus €30m ó BEI roimhe sin.



***Pictiúr 3:*** *Dheimhnigh an tInnealtóir go raibh Limistéar Áineasa Mara Phointe Phádraig curtha i gcrích in Aibreán 2019, go raibh an bealach isteach chuig an mBeart Domhain críochnaithe sa dara ráithe de 2020, agus tá dul chun cinn mór déanta ar bhóithre inmheánacha an phoirt.*

Tá an fhorbairt seo ar CCT ar an gcéad chéim de chur i bhfeidhm Phlean Forbartha Straitéisí na Chuideachta. Tacaíodh le croíphrionsabail an phlean sa Bheartas Náisiúnta maidir le Calafoirt, 2013, inar sonraíodh go bhfuil Port Chorcaí ina phort leibhéal 1 a bhfuil tábhacht náisiúnta leis.

Leanann an Chuideachta de dhul i gcomhairle le muintir na háite agus le páirtithe leasmhara i ndáil leis an bhforbairt agus d'éirigh go maith le straitéis idirchaidrimh an tionscadail. Níor chuir oibríochtaí an chonraitheora isteach ar oibríochtaí an Phoirt ná ar chúrsaí slándála ach an oiread. Cheadaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) feachtas dreidireachta agus dumpála ar farraige, agus cuireadh é sin i gcrích go rathúil i gcomhréir leis an gceadúnas rialála a ceadaíodh.

Beidh tairbhí móra eacnamaíocha ag baint leis an bhforbairt CCT seo i bPort Chorcaí do Chorcaigh agus do Chúige Mumhan trí chéile, agus don gheilleagar náisiúnta freisin. 98% de na hearraí a iompórtáiltear isteach go hÉireann nó a easpórtáiltear aisti, is ar longa a iompraítear iad. Tá luach os cionn €14 billiún air sin i gCorcaigh amháin, rud a léiríonn a thábhachtaí atá poirt do gheilleagar an réigiúin.



Cuideachta Phort Chorcaighe
Tuarascáil an Chathaoirligh



***Pictiúr 4:*** *Beart CCT agus Limistéar an Chríochfoirt in Iúil 2021 agus ag tús na n oibreacha in Eanáir 2018*

Le CCT, cuirfear ar a chumas don phort a ghnó coimeádán a athlonnú ó shuíomh Tivoli i lár na cathrach atá in úsáid faoi láthair go Rinn an Scidígh nuair a bheith an M28 curtha i gcrích, agus beidh an Port in ann féachaint chuige go seasfaidh Corcaigh an aimsir mar thairseach idirnáisiúnta don trádáil. Tá sé i gceist ag an gCuideachta acmhainneacht áirithe le haghaidh coimeádán a choinneáil in Tivoli sa mheántéarma chun aistriú réidh a éascú agus lena chinntiú go mbeidh sé ar a chumas ag an bPort leanúint de fhreastal ar riachtanais acmhainneachta ár gcustaiméirí agus ar riachtanais na ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta.

## Iarratas ar chistiú faoi TEN-T ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa:

Ar leibhéal Eorpach, cuimsítear Port Chorcaí sa Rialachán nua maidir le gréasán tras-Eorpach iompartha (TEN-T) mar chroíphort ar an gconair idir an Mhuir Thuaidh agus an Mheánmhuir, agus aithnítear é freisin mar Phort Leibhéal 1 sa Bheartas Náisiúnta maidir le Calafoirt, 2013. Tar éis an Bhreatimeachta, cuimseofar Port Chorcaí freisin ar Chonair an Atlantaigh nuair a bheidh an Rialachán ábhartha glactha ag an Aontas Eorpach. I gcomhréir leis an sainiú TEN-T sin, d'éirigh leis an bport cistiú a fháil faoi scéimeanna deontais TEN-T agus na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (CEF) le haghaidh na bhforbairtí ar CCT Rinn an Scidígh.

D'éirigh leis an gCuideachta lena hiarratas ar chistiú in 2013 faoi 'Luathú / Éascú le haghaidh chur i bhfeidhm thionscadail TEN-T'. Cuireadh deontas caoga faoin gcéad, dar luach €1.8m, ar fáil chun toiliú reachtúil a fháil le haghaidh na forbartha i Rinn an Scidígh, chun breithmheas airgeadais agus eacnamaíochta, dearaí mionsonraithe agus plean cumarsáide a dhéanamh, agus chun doiciméid tairisceana a ullmhú.

D'éirigh leis an gCuideachta lena hiarratas ar Chistiú Rannóige Iompair TENT de CEF a rinneadh le DG-Move (Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair) in 2015 tar éis tacaíocht a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Chuir an Coimisiún Eorpach €12.74m (17.5% den chaiteachas incháilithe) ar fáil chun tógáil na dtionscadal beartaithe i Rinn an Scidígh a chistiú. Síníodh comhaontuithe leasaithe leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) agus CEF i Nollaig 2019, 2020 agus 2021 ar gheall ar an moill a bhí ar thabhairt i gcrích an Tionscadail. Tá €8.6m faighte ag an gCuideachta go dtí seo (fuarthas íocaíocht eatramhach €3.3 milliún i Nollaig 2021 tar éis thaisceadh an Ráitis Airgeadais don tréimhse 2019 agus 2020).

## Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí DAC:

Cuireadh cónascadh agus comhdhlúthú shócmhainní Choimisinéirí Cuain Bhá Bheanntraí leis an gCuideachta an 1 Eanáir 2014, agus cruthaíodh fochuideachta 100% ar a dtugtar Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí DAC chun an oibríocht i mBá Bheanntraí a bhainistiú. D'oscail Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí (BBPC) an Mhuiríne nua ag Cuan Bheanntraí le haghaidh báid áitiúla agus báid ar cuairt in 2017 ar chostas €9m nó thart air. Cuirtear rochtain níos fearr agus saoráidí níos fearr ar fáil ar ché an bhaile leis an bhforbairt seo ar an gcuan laistigh. Na gnóthais a bhí ann cheana féin, bhain siad tairbhe as an bhfeachtas chun an ghníomhaíocht tráchtála agus fóillíochta i gcuan Bheanntraí agus sa bhaile a chur chun cinn agus a mhéadú, go háirithe agus daoine ar saoire sa bhaile in 2020 agus in 2021.



*Pictiúr 4: Muiríne Chuan Bheanntraí.*

Tá BBPC ag obair i gcomhar le grúpaí pobail áitiúla chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí breise ag limistéar ché na Mainistreach agus i limistéar an tslaba taoide sa chuan laistigh le cabhair ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Tá achoimre sa tuarascáil fhoilsithe ar dhearadh na forbartha a d'fhéadfaí a dhéanamh i mBeanntraí amach anseo.

Cuimsítear le spriocanna BBPC:

- Na háiseanna agus an tsaoráid iomchuí a bheith ann le haghaidh úsáideoirí go léir an phoirt;
- An trádáil sa phort, gníomhaíocht chúrsála, fóillíocht agus turasóireacht a mhéadú;
- A chinntiú go leanann BBPC de na cúrsaí rialála go léir a chomhlíonadh, lena n áirítear cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, cúrsaí slándála, cúrsaí comhshaoil, agus cúrsaí rialachais agus bainistíochta riosca;
- Leanúint den ghníomhaíocht mhuirí a chur chun cinn agus tacú le tionscnaimh ábhartha phobail i mBá Bheanntraí, lena n áirítear comhoibriú iomlán leis an bpobal gnó i mBeanntraí.



Cuideachta Phort Chorcaighe
Tuarascáil an Chathaoirligh

Tháinig Ellen Ruhotas, Stiúrthóir Bainistíochta Zenith Energy, ar cuairt chuig Beanntraí in Iúil 2021 agus d'fhógair sí pleananna atá ag Zenith Energy agus EI-H2 maidir le comhfhiontar chun saoráid fuinnimh ghlais 3.2 gigeavata a fhorbairt i mBá Bheanntraí chun hidrigin ghlas agus amóinia glas a tháirgeadh. Beidh páirtithe leasmhara móra rannpháirteach sa tionscadal agus déanfar staidéar indéantachta mionsonraithe chun féachaint ar fhéidearthacht iomlán an tionscadail. Nuair a bheidh an tsaoráid nua faoi lán seoil, thiocfaidh laghdú mór ar astaíochtaí carbóin na hÉireann agus feidhmeoidh an tsaoráid taobh leis an gcríochfort atá ag Zenith Energy i mBá Bheanntraí cheana féin.

## Pointe Marino:

Chuaigh an Chuideachta isteach i gcomhfhiontar – Cuideachta Forbartha Mhuiríne Bhéal an Bhealaigh DAC (BMDC) – in éineacht le Lanber Holdings (an Chuideachta 40%, Lanber 60%). Cheannaigh an comhfhiontar Pointe Marino i Meitheamh 2017 agus é mar chuspóir leis an láithreán a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bport. Tá sé beartaithe go mbeidh Pointe Marino ina chuid lárnach de bhonneagar Phort Chorcaí amach anseo.

Tá láithreán Phointe Marino aitheanta le fada an lá mar láithreán poirt oiriúnach chun cur leis na saoráidí i Rinn an Scidígh. Tá ag an láithreán:

- Nascacht iarnróid;
- Lamairne atá ann cheana féin – tarraingt 10m – Rochtain agus Beartlann;
- Ainmniú faoi Threoir Seveso; agus
- Acmhainneacht mhór forbartha mar láithreán de chuid Phort Chuan Chorcaí.

Mar sin féin, tá dúshláin ag baint leis an láithreán freisin agus baineann na dúshláin sin le pleanáil, toiliú ceadúnais urthrá, rochtain droichid agus bóithre, agus costas na hathfhorbartha.

Chuir BBDC doiciméid dhlíthiúla i gcrích chun píosa 15 acra de Shaoráid Phointe Marino le Origin (faoi réir pleanála) le haghaidh láithreán atá comhlíontach le coinníollacha Seveso chun a ghnó leasacháin Goulding Seveso a athlonnú ó Dhugaí Lár Chathair Chorcaí. Is mian le Comhairle Cathrach Chorcaí go n aistreofaí gach saoráid Seveso amach as lár na cathrach chun athfhorbairt cheantar na ndugaí a éascú, agus tá Goulding ar an láithreán Seveso deiridh sa cheantar sin. Níl aon láithreán Seveso eile i réigiún an iardheiscirt a fhreastalódh ar riachtanas Origin de 15 acra agus rochtain ar shaoráid phoirt.

Chuir BMDC máistirphlean Phointe Marino i gcrích, agus cheadaigh Comhairle Contae Chorcaí iarratas pleanála le haghaidh oibreacha cumasúcháin, agus cheadaigh an Bord Pleanála an t iarratas ina dhiaidh sin an 25 Feabhra 2021. Chuir Gouldings iarratas pleanála eile faoi bhráid na Comhairle Contae i Nollaig 2020 chun saoráid iompórtála bulclasta a thógáil. Cheadaigh an Chomhairle Contae an t iarratas an 17 Feabhra 2022. Is iontach an fhorbairt dhearfach é sin ag Pointe Marino, ach d'fhéadfaí an cead pleanála sin a achomharc don Bhord Pleanála go fóill. Tá sé i gceist ag BMDC cuid den láithreán a choinneáil le haghaidh Oibríochtaí an Phoirt.

## Forbairt Cheantar Dugaí Chathair Chorcaí:

Leanann an Chuideachta de thacú leis an acmhainneacht athfhorbartha atá á baint amach i gCeantar Dugaí Chorcaí. Tá sé mar aidhm ag an gCuideachta go ndéanfar gnó go léir an Phoirt i Lár na Cathrach a athlonnú síos an abhainn i dtreo Tivoli, Pointe Marino agus Rinn an Scidígh. Dá bhrí sin, beidh an láithreán ag Céanna na Cathrach folamh agus féadfar é a athfhorbairt.

Cheannaigh an chuideachta chomhfhiontair BMDC Pointe Marino agus, mar thoradh air sin, ba cheart go n éascófaí athfhorbairt Cheantar na nDugaí trí cheadú d'aistriú ghníomhaíocht Seveso de chuig Gouldings Ltd ó Cheantar na nDugaí síos an abhainn go Pointe Marino. Is tosaíochtaí iad uasghrádú dhroichead Bhéal an Bhealaigh agus bhóthar an R624 go dtí an Cóbh le haghaidh na bhforbairtí ag Pointe Marino.

Bhí plé ag bainistíocht na Cuideachta leis an gComhairle Cathrach maidir le hoibriú Chéanna na Cathrach amach anseo. Thoiligh an Chuideachta, tar éis comhairliúcháin leis na Ranna ábhartha, ar bhonn neamhcheangailteach, go ndéanfaidh an Oifig Luachála luacháil ar Chéanna na Cathrach. Bhí an Chuideachta ag súil go gcuirfeadh an Oifig Luachála san áireamh Luach Úsáide Reatha na gCéanna mar shaoráid poirt oibriúcháin agus an costas a bheadh ar shaoráidí coibhéiseacha a thógáil in áit eile sa phort. Luach €6.97m a chuir an Oifig Luachála ar Chéanna na Cathrach in Eanáir 2020, agus údar díomá a bhí sa luacháil sin. Is cosúil gur féachadh sa luacháil ar Chéanna na Cathrach mar shócmhainní barrachais, ach ní sócmhainní barrachais iad mar bhain thart ar 320 long úsáid as na céanna sin in 2021. Is cosúil go ndéantar na céanna a mheas faoina luach sa luacháil sin, agus tá plé ag dul ar aghaidh le Comhairle Cathrach Chorcaí.





Cuideachta Phort Chorcaighe
Tuarascáil an Chathaoirligh

## Teach an Chustaim, Corcaigh:

Tar éis athbhreithniú mionsonraithe ar na roghanna cistiúcháin le haghaidh na hathfhorbartha i Rinn an Scidígh, chinn Stiúrthóirí na Cuideachta go ndéanfaí áitreabh Theach an Chustaim ar Ché Theach an Chustaim i lár Cheantar na nDugaí a fhógairt ar an margadh oscailte lena dhíol. Léirigh páirtí amháin spéis mhór san áitreabh, agus thoiligh Bord Stiúrthóirí na Cuideachta dul ar aghaidh leis an idirbheartaíocht. Síníodh comhaontú maidir le díol Theach an Chustaim le Tower Developments Properties Limited (Time Square Developments Limited, Nua-Eabhrac) an 20 Aibreán 2017, agus cuireadh an díol i gcrích an 31 Eanáir 2021. Athraíodh seoladh cláraithe na Cuideachta chuig Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Tivoli, Corcaigh ón 1 Feabhra 2021.

Thug an Chuideachta saothair ealaíne a bhíodh ar taispeáint i dTeach an Chustaim mar bhronntanas don Stát, agus fuair an Chuideachta faoiseamh cánach faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ar an gcaoi sin, cinnteofar go bhfanfaidh an bailiúchán oidhreachta ealaíne uathúil sin sa Stát agus go gcosnóidh an Stát é.

## Próiseas Dearaidh Uirbigh le haghaidh Dhuga agus Eastát Tionsclaíoch Tivoli:

I bhfianaise athfhorbairt láithreán Tivoli amach anseo, choimisiúnaigh an Chuideachta an Institiúid Ríoga Ailtirí chun féachaint ar na húsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as an eastát amach anseo. Cuireadh an t athbhreithniú seo ar an dearadh, New Perspective for Tivoli, i gcrích in 2017 agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) é. Shínigh an Chuideachta agus CISÉ meabhrán tuisceana i Meitheamh 2018 chun comhoibriú le chéile chun clár ullmhúcháin a cheapadh agus a sheachadadh chun Tivoli a fhorbairt. Tá meabhrán tuisceana nuashonraithe idir an Chuideachta agus CISÉ á phlé faoi láthair, agus d'fhéadfaí a chuimsiú leis sin riachtanais níos leithne na Cuideachta maidir le hinfheistíocht chaipitil, mar chuir CISÉ saoráid fiachais ar fáil le haghaidh na forbartha ag CCT má bhíonn gá lena leithéid.

In Eanáir 2019, le tacaíocht ó chistiú faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí, d'fhógair an Chuideachta ceapachán saineolaithe sa dearadh uirbeach (Tyrens Reddy) agus réadmhaoin (Savills) chun roghanna a ullmhú le haghaidh fhorbairt fhéideartha Dhuga agus Eastát Tionsclaíoch Tivoli i gcomhréir leis na cuspóirí i mbeartas an Rialtais atá leagtha amach le haghaidh Cheantar na nDugaí sa Chreat Pleanála Náisiúnta – Éire 2040. Cuireadh cás gnó cuimsitheach le chéile inar cuimsíodh iarratais chun fochuideachta 100% TivDevCo a chruthú agus teideal ruílse a fháil, agus cuireadh an cás gnó sin faoi bhráid na Roinne Iompair i Meán Fómhair 2019. D'iarr an Roinn agus RÉnua faisnéis bhreise maidir leis an iarratas sin. D'fhéadfadh athfhorbairt eastát Tivoli amach anseo tionchar mór a imirt ar shlándáil airgeadais na Cuideachta agus cuirfear deis athfhorbartha uirbí mór le rá ar fáil don Chathair freisin.

In 2021, d'éirigh le tionscadal athfhorbartha Tivoli cistiú breise a fháil faoin Síneadh ar Bhabhta 1 den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí. D'éirigh leis an iarratas maidir le dearadh teicniúil, staidéir chomhshaoil, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, agus maidir leis an mbonneagar seo a leanas do Dhuga agus Eastát Tionsclaíoch Tivoli a thabhairt chuig céim na pleanála:

- Uasghrádú ar an mbóthar rochtana thiar,
- Acomhal eile le haghaidh an bhóthair rochtana thoir isteach sa láithreán os cionn an bhóthair iarainn,
- Stáisiún traenach do chomaitéirí ar láithreán Tivoli, agus
- Rotharbhealach / siúlbhealach tríd an láithreán.

Tá tús curtha leis na hoibreacha dearaidh sin tar éis ceapachán sainchomhairleora innealtóireachta sa dara ráithe de 2021.

Aithnítear Dugaí Tivoli mar "Eochair-Limistéar Forbartha" i bPlean Forbartha Chomhairle Cathrach Chorcaí (2015-2021). Tá sé molta le haghaidh athghiniúint uirbeach chéimithe i nDréacht-Phlean Forbartha na Cathrach, a seoladh le haghaidh comhairliúchán poiblí an 26 Iúil 2021, mar phríomhfhorbairt cruthaithe fostaíochta/phríomhfhorbairt úsáide measctha inbhuanaithe le haghaidh na cathrach. Láithreán dugaí 61.5 Ha ar aghaidh na gréine ar an Laoi atá in Tivoli, agus tá acmhainneacht forbartha ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach ag baint leis agus an Chuideachta ag tosú ar chuid dá oibríochtaí a bhogadh chuig áiteanna níos doimhne i gCuan Chorcaí íochtair.

## Talamh agus áitribh i Rinn an Scidígh:

Mar chuid den chéad tionscadal Bhraisle Acmhainní Fuinnimh agus Muirí na hÉireann (IMERC) ag Rinn an Scidígh, bhí an Chuideachta tiomanta d'aistriú talún (20 acra) faoina rialú, i gcomaoin thalamh GFT, do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, chun Lárionad Taighde Mhuirí de scoth an domhain a thógáil ina ndéanfar taighde agus forbairt chun acmhainneacht mhuirí agus fuinnimh na tíre a fhuascailt. Rachadh sé sin chun tairbhe na bpáirtithe go léir. Bhí díomá ar an gCuideachta nuair a fuarthas amach, mar thoradh ar athbhreithniú a choimisiúnaigh Coláiste na hOllscoile agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí in 2016, go laghdófaí rannpháirtíocht Choláiste na hOllscoile agus an Institiúid Teicneolaíochta i dtionscadal IMERC, go háirithe mar bhí 3.5 acra aistrithe ag an gCuideachta chuig Coláiste na hOllscoile cheana féin le haghaidh an tionscadail. Cuirfimid an Roinn Iompair ar an eolas maidir leis sin. Fuair an Port cead pleanála in 2018 chun lasta a stóráil ar na 14 acra eile gar don Choláiste Muirí.

Sna tuarascálacha a cuireadh isteach in 2018 agus in 2019, chuireamar in iúl don Aire gur aimsigh agus gur cheannaigh an Chuideachta 4.78 acra trasna an bhóthair ó thalamh Phort Rinn an Scidígh. Cuireadh teach ar láithreán eile 0.5 acra i lár an 4.78 acra sin ar an margadh, agus cheannaigh an Chuideachta an teach sin agus an talamh a bhí leis ar €220k. Dá bhrí sin, tá bhreis is 5 acra sa láithreán sin agus beidh an port in ann úsáid a bhaint as ar bhealaí éagsúla.



Cuideachta Phort Chorcaighe
Tuarascáil an Chathaoirligh

## Díol Trádstórais i Rinn an Scidígh:

Mar chuid de phróiseas an Phlean Chorparáidigh, cuirtear de chúram ar an mBord agus ar an mbainistíocht neamh-bhunsócmhainní a phoirt a shainaithint. Tar éis athbhreithniú mionsonraithe ag an mbainistíocht, le cabhair ó shainchomhairleoirí réadmhaoine na Cuideachta, thoiligh na Stiúrthóirí ag an gcruinniú boird i mí Dheireadh Fómhair 2021 gur cheart foirgneamh Thrádstóras Buckeye i Rinn an Scidígh a chur ar an margadh lena dhíol. Thángthas ar chomhaontú faoi dhíol le tríú páirtí go luath in Eanáir 2022 chun an trádstóras sin a dhiúscairt. Chuir an Chuideachta cás gnó faoi bhráid an Aire chun cead a fháil le leanúint leis an diúscairt sin i mBealtaine 2022, agus táimid ag fanacht ar fhreagra..

## M28: ordú ceannaigh éigeantaigh maidir le talamh:

D'eisigh Comhairle Contae Chorcaí, i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann, ordú ceannaigh éigeantaigh maidir le tailte áirithe de chuid na Cuideachta i Rinn an Scidígh chun críochnú an M28 a éascú. Leanann an Chuideachta den phlé agus den idirbheartaíocht leis an gComhairle Contae agus le Bonneagar Iompair Éireann maidir le cur i gcrích na n orduithe sin.

## Turasóireacht:

Bhí ról mór ag an gCóbh i stair an Chuain i gcónaí, agus is ann atá an t aon chríochfort in Éirinn atá tiomnaithe do longa cúrsála. I láthair na huaire, is féidir freastal ar shoithigh atá suas le 340m ar fhad. Tháinig líon iomlán de 100 long chúrsála go Corcaigh in 2019, agus thug siad breis is 200,000 duine, idir phaisinéirí agus chriú, chun cuairt a thabhairt ar an réigiún. Tháinig méadú ar an líon long cúrsála a tháinig go Beanntraí freisin, agus tháinig 10 long ar cuairt ann in 2019. Faraor, cuireadh teacht i dtír na long cúrsála go léir ar ceal in 2020 agus in 2021 mar thoradh ar Covid 19. Tá an Chuideachta buíoch gur chuir an Roinn Iompair prótacal Covid 19 i bhfeidhm in Aibreán 2022 le go bhféadfadh longa cúrsála teacht i dtír an athuair.

Rinneadh Saoráidí Bearta Dhomhain do Longa Cúrsála sa Chóbh a shíneadh agus a fheabhsú, agus tá bonneagar múrála agus doimhneacht uisce leordhóthanach ann chun freastal ar na longa cúrsála is mó (Quantum Class) ag críochfort cúrsála an Chóibh.

Tá Poirt Chorcaí agus Bheanntraí rannpháirteach go gníomhach i roinnt tionscnamh a bhfuil mar aidhm leo an acmhainneacht turasóireachta i bPoirt Chorcaí agus Bheanntraí a fhorbairt. I measc na dtionscnamh sin, áirítear páirt a ghlacadh in Cruise Ireland, Cork Cruise, meitheal na Comhairle Contae maidir le hInis Píc, Grúpa Bainistíochta Chuan Chorcaí, obair a dhéanamh i gcomhar le Comhlachas Tráchtála an Chóibh agus an Chuain, Fóram Úsáideoirí Bhá Bheanntraí, agus Cumann Fhaoide.

Is deis uathúil turasóireachta don réigiún iad Inis Píc, an Cóbh, an Titanic, an Lusitania agus Dúnfoirt an Chuain. Tá an Port rannpháirteach go gníomhach sna tionscadail sin, agus creideann go gcuirfeadh na heispéiris a bhaineann leo go mór leis na longa cúrsála.

Cuideachta Phort Chorcaighe
Tuarascáil an Chathaoirligh



***Pictiúr 5:** Long chúrsála ag an mBeart Domhain sa Chóbh in 2019 agus breis is 20 bus turasóireachta taobh leis chun na paisinéirí a thabhairt ar thurais ghearra chuig áiteanna spéisiúla i gCathair Chorcaí, sa Bhlarna, i gCionn tSáile, i Mainistir na Corann agus i gCill Airne srl.*

## "Léiriú spéise" maidir le longa cúrsála agus an dara beart cúrsála:

Tá iniúchadh á dhéanamh ag an bPort ar phointí rochtana breise ar fud an Chuain, agus táimid ag obair i gcomhar leis an gComhairle Contae chun beart nua a chur ar fáil ag Cé Uí Loinsigh sa Chóbh chun rochtain bhreise do longa cúrsála a éascú san fhadtéarma. Chuige sin, cuireadh tús in 2019 le próiseas chun léirithe spéise a lorg maidir le dearadh, tógáil, cistiú agus oibriú an dara beart do longa cúrsála sa Chóbh. Fuarthas roinnt aighneachtaí agus féachfar orthu sin nuair a bheidh cúrsaí eacnamaíochta níos oiriúnaí.

Is é tuairim na Cuideachta é gurb ann d'acmhainneacht mhór le haghaidh deiseanna turasóireachta tráchtála i gCuan Chorcaí agus i gCuan Bheanntraí araon, rud a thacódh le fás ghnó na long cúrsála agus na ngnóthas eile a bhaineann leis an turasóireacht. Tá ról mór ag an gCuideachta i gcónaí i gcur chun cinn stair shaibhir Chuan Chorcaí agus Chuan Bheanntraí ó thaobh na mara, na himirce agus na trádála de.

Cuideachta neamhthrádála is ea Cuideachta Forbartha Muirí an Chóibh Teoranta. Tá an Chomhairle Contae, an Chomhairle Cathrach, agus Cuideachta Phort Chorcaí páirteach ann chun limistéar i Stáisiún Traenach an Chóibh a fhorbairt chun saoráidí breise agus áiseanna taispeántais a chur ar fáil do thurasóirí agus do phaisinéirí ar longa cúrsála.

## Straitéis Fóillíochta agus Áineasa:

Sainaithnítear sa Straitéis Fóillíochta agus Áineasa do Chuan Chorcaigh agus Cuan Bheanntraí roinnt tionscnamh don fhóillíocht mhuirí ar cheart forbairt bhreise a dhéanamh orthu. Ach an straitéis sin a chur chun feidhme, cabhrófar agus tacófar le foinse mhór taitnimh agus tairbhe eacnamaíochta do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.

Roghnaíodh Inis Píc mar an ní is díol spéise is mó san Eoraip do thurasóirí ag vóta de chuid na nGradam Taistil Dhomhanda mór le rá in 2017. I bhFeabhra 2019, d'fhaomh an Bord Stiúrthóirí, le toiliú agus cúnamh airgeadais ón gComhairle Contae, soláthar agus suiteáil pontúin agus geata bordála nua ag Céibh JFK sa Chóbh chun freastal ar chuairteoirí ar Inis Píc, go háirithe do dhaoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu. Is í Céibh JFK an phríomhrochtain do chuairteoirí ar Inis Píc (níos mó ná 50,000 cuairteoir sa bhliain), turais ar an gcuan, fóillíocht, iascaireacht, agus rochtain phoiblí ar an uisce.

Leanann an Chuideachta, trína Beartas maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, de bheith rannpháirteach i bpáirtithe leasmhara an Phoirt agus i nGrúpaí Pobail an Chuain, agus tacaíonn an Chuideachta leo. Ina measc siúd, tá Seirbhísí Cuardaigh agus Tarrthála Chuan Chorcaí, Sail Training Ireland, agus forbairtí ag an Seanbhaile, ag Baile an Mhanaigh agus ag Áth Fhada. Lean Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí DAC de thacú le gníomhaíochtaí áitiúla fóillíochta, áineasa agus turasóireachta.

## Easnamh an chiste pinsin le sochar sainithe:

Feidhmíonn an Chuideachta scéimeanna pinsin le sochar sainithe le haghaidh fostaithe a thosaigh ag obair leis an gCuideachta roimh an 6 Márta 2006. Maidir le fostaithe a thosaigh tar éis an 6 Márta 2006, feidhmíonn an Chuideachta scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin.

Léiríodh easnamh €3.2m sa luacháil FRS102 amhail ar an 31 Nollaig 2021 (2020: €5.4m). Tá Comhaontú Cistiúcháin i bhfeidhm idir na hIontaobhaithe agus an Chuideachta, atá faofa ag an Údarás Pinsean, maidir le clár chun an Ciste Pinsin a chistiú faoi 2025.

Déantar luacháil achtúireach gach trí bliana, agus rinneadh an luacháil an 1 Eanáir 2021. Modh ríofa na hoibleagáide cistiúcháin reachtúla a úsáideadh sa luacháil, rud a léirigh sócmhainní €50.4m agus dliteanais €53.3m. Faoi rialacha an Údaráis Pinsean, laghdaítear na sócmhainní de réir cúlchiste caighdeánach cistiúcháin, rud a fhágann gur thart ar 90% an leibhéal cistiúcháin achtúirigh a bhí ann ar an dáta sin. Dheimhnigh Mercer, an t achtúire, go raibh an luacháil ag teacht leis an togra cistiúcháin a comhaontaíodh leis an Údarás Pinsean le cistiú faoin 31 Nollaig 2025.

Ba é 95.7% an seasamh cistiúcháin measta ag deireadh mhí na Nollag 2021 mar a tomhaiseadh le huirlis AON chun leibhéal cistiúcháin a thomhas. Nuair a tháinig feabhas ar an leibhéal cistiúcháin in 2021, cheadaigh na hiontaobhaithe straitéis laghdaithe riosca faoinar aistríodh sócmhainní fáis áirithe ina mbannaí rialtais 10 mbliana, i gcomhairle leis an Achtúire agus leis an mBainisteoir Infheistíochta. I rith na bliana, thoiligh an Bord Stiúrthóirí soláthar a dhéanamh do dhliteanas oidhreachta breise i Ráitis Airgeadais 2021 na Cuideachta.

## An Breatimeacht:

Tá athbhreithniú rialta déanta ag an gCuideachta ar thionchar na gcineálacha éagsúla den Bhreatimeacht ar ghníomhaíochtaí an phoirt. Tá nasc díreach idir an ghníomhaíocht róró i bPort Chorcaí agus an tAontas Eorpach, mar sin ní théann an Breatimeacht i bhfeidhm ar an ngníomhaíocht róró. Chuir CLDN lena sheoltaí róró idir Rinn an Scidígh agus Zeebrugge go dtí dhá sheoladh in aghaidh na seachtaine, lean Brittany Ferries de sheoladh trádála róró go Roscoff, agus d'athraigh Grimaldi a shamhail ghnó ó shoithí móra iompórtála gluaisteán go seoltaí róró faoi dhó in aghaidh na seachtaine chuig Antuairp agus Zeebrugge.

Chuaigh an Breatimeacht i bhfeidhm ar an imréiteach custam go hidirnáisiúnta, agus tá an chuideachta ag obair go háitiúil agus go náisiúnta leis an lucht Custaim agus leis an Roinn Iompair chun tionchar an Bhreatimeachta ar an trádála a laghdú.

### Tosaíochtaí práinneacha:

Is iad seo a leanas tosaíochtaí práinneacha na Cuideachta:

- An t aistriú chuig CCT Rinn an Scidígh a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach cost-éifeachtúil agus oibríochtaí an Phoirt a aistriú ón abhainn chuig an muir i gcásanna inar féidir;
- A chinntiú go leanann an Chuideachta ar a haistear claochlaitheach chun ioncam a mhéadú agus díriú ar laghduithe costas agus ar ghiniúint airgid thirim i dtimpeallacht eacnamaíoch an-dúshlánach;
- Béim a chur ar éifeachtúlacht na seirbhíse le haghaidh na gcustaiméirí go léir;
- Leanúint de na deiseanna a bhaineann leis an mBreatimeacht a shainaithint agus pleanáil lena n aghaidh;
- Leanúint den dul chun cinn maidir le forbairt na dtailte in Tivoli;
- An laghdú ar shócmhainní nach bunsócmhainní iad agus ar shócmhainní nach bhfuil ag feidhmiú mar is ceart a athbhreithniú, agus an laghdú a chur i gcrích;
- An comhaontú a thabhairt i gcrích chun scairsheilbh thromlaigh a fháil in BMDC agus leanúint de Phointe Marino a fhorbairt, agus
- Leanúint de chur leis an ngnó ar mhaithe le Deisceart na hÉireann agus leis an Stát tríd an oidhreacht, an turasóireacht, an taighde muirí agus an fairsingiú tionsclaíoch a chur chun cinn.

### Comhdhéanamh an Bhoird:

Iarradh ar an Aire Iompair stiúrthóirí a cheapadh a luaithe is féidir le go mbeidh ochtar stiúrthóirí – an comhdhéanamh iomlán – ar an mBord mar tá an Chuideachta i gcéim athfhorbartha chriticiúil faoi láthair agus tá oibleagáidí airgeadais móra nua uirthi. Seachtar stiúrthóirí atá ar an mBord faoi láthair, fud a fhágann go bhfuil folúntas amháin ar an mBord agus iarraim ar an Aire go gceapfaí stiúrthóir a luaithe is féidir chun an folúntas a líonadh.



Cuideachta Phort Chorcaighe
Tuarascáil an Chathaoirligh

## DEARBHÚ NÓSANNA IMEACHTA:

Comhlíonadh gach nós imeachtaí iomchuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar, agus ceannach agus diúscairt sócmhainní in 2021 i gcomhréir leis an gCód Cleachtais agus leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Comhlíonadh ceanglais na nAchtanna Cuanta, 1996-2015, agus aon acht eile i ndáil le cuntais na cuideachta agus leis na ráitis maidir le cúrsaí airgeadais na cuideachta in 2021.



## RÁITEAS FAOIN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS LE HAGHAIDH NA BLIANA FAOI ATHBHREITHNIÚ:

Dheimhnigh mé gur comhlíonadh Aguisín D den Treoirdhoiciméad maidir leis na Ceanglais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais mar a leanas:

1. D'aithin mé gurb é an Bord atá freagrach as córas na cuideachta um rialú inmheánach airgeadais mar a shonraítear ar leathanach 12 de Ráitis Airgeadais 2021 sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí..
2. Is ar na Stiúrthóirí atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córais rialaithe inmheánaigh na cuideachta agus maidir le hathbhreithniú ar a n éifeachtacht. Ceaptar na córais sin lena chinntiú go ndéantar idirbhearta i gcomhréir le húdarú na bainistíochta go nglactar céimeanna réasúnta a ghlacadh chun sócmhainní a chosaint agus chun calaois a chosc, agus go ndéantar taifid airgeadais iomchuí a choinneáil. Ceaptar na córais sin chun riosca a bhainistiú agus is iontaofacht réasúnta, seachas dearbh-iontaofacht, a sholáthraítear leo nach ann d'earráid ábhartha.
3. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar:
   - Cuireadh ar bun freagrachtaí bainistíochta atá sonraithe go soiléir ar fud na cuideachta, agus fuarthas seirbhísí pearsanra oilte agus roinneadh dualgais orthu mar is iomchuí;
   - Tá próiseas buiséadaithe foirmiúil i bhfeidhm, agus faomhann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord an buiséad bliantúil ag deireadh an phróisis sin;
   - Tugtar tuairisc don Bhord ar an bhfeidhmíocht iarbhír i gcoinne an bhuiséid ar bhonn míosúil;
   - Tá an bhainistíocht ar gach leibhéal freagrach as an rialú inmheánach ar a feidhm ghnó;
   - Déanann an bhainistíocht nuashonrú agus monatóireacht ar na nósanna imeachta rialaithe inmheánacha agus déanann iniúchóir inmheánach neamhspleách – Grant Thornton – iniúchadh orthu;
   - Déanann Deloitte, gnólacht idirnáisiúnta cuntasóirí cairte, iniúchadh seachtrach agus chinn Deloitte go raibh rialuithe agus córais airgeadais inmheánacha Chuideachta Phort Chorcaí ag feidhmiú go sásúil.
   - Cuirtear Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bun chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh, i gcomhar leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar nós imeachta agus rialuithe cuntasaíochta inmheánacha na Cuideachta, na beartais chuntasaíochta a roghnaítear, tuairisc na n iniúchóirí reachtúla, cuntais airgeadais, buiséid, agus cúrsaí ábhartha eile.
4. Dheimhnigh mé gur fhostaigh an chuideachta saineolas seachtrach iomchuí chun a feidhm iniúchóireachta inmheánaí a dhéanamh, feidhm a fheidhmítear i gcomhréir le Cuid 7 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Rinne Grant Thornton, Cuntasóirí Cairte, iniúchadh inmheánach neamhspleách ar an gcuideachta in 2021, agus cinneadh ann go raibh rialuithe inmheánacha na cuideachta agus a córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go sásúil.





5. Dheimhnigh mé gur comhlíonadh na ceanglais maidir le soláthar, i gcomhréir le Cuid 8 den Chód. Deimhním gur cloíodh leis an mbeartas agus leis na nósanna imeachta ábhartha maidir le soláthar agus le forbairt agus le cur chun feidhme Bheartas na Cuideachta maidir le Soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an bheartais agus na dtreoirlínte maidir le soláthar a chinntiú.
6. Dheimhnigh mé nárbh ann d'aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais a raibh mar thoradh orthu caillteanais, teagmhais nó neamhchinnteachtaí ábhartha ar ghá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais nó i dtuarascáil na stiúrthóirí ar na ráitis airgeadais.
7. Dheimhnigh mé go ndearna iniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas seo ar an rialú inmheánach airgeadais.

## DIÚSCAIRT AGUS ÉADÁIL SÓCMHAINNÍ:

Dheimhnigh mé gur comhlíonadh ceanglais Chuid 8 den Chód maidir le 'Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain Tríú Páirtithe ar Shócmhainní' agus forálacha Alt 15 den Acht maidir le hidirbhearta talún.

## BUNÚ FOCHUIDEACHTAÍ, RANNPHÁIRTÍOCHT I GCOMHFHIONTAIR, AGUS FÁIL SCAIREANNA AG COMHLACHTAÍ STÁIT:

Dheimhnigh mé nár bhunaigh Cuideachta Phort Chorcaí aon fhochuideachtaí ná comhfhiontair chomhlachaithe in 2021 agus nár ghabh an chuideachta d'aon éagsúlú. Chuir an Chuideachta cás gnó faoi bhráid na Roinne Iompair i nDeireadh Fómhair 2021 chun cead a lorg chun cur lena scairsheilbh in BMDC agus chun infheistíocht bhreise in BMDC a dhéanamh freisin.

Tá nochtadh iomlán i nóta 13, leathanach 34 de Ráitis Airgeadais 2021 maidir le fochuideachtaí agus cuideachtaí comhlachaithe Chuideachta Phort Chorcaí, agus leanann siad go léir de bheith ag feidhmiú le haghaidh an chuspóra dár bunaíodh iad, agus leanann siad de théarmaí agus coinníollacha an cheada faoinar ceadaíodh iad a chomhlíonadh ina n iomláine.

## CÓID IOMPAIR:

Dheimhnigh mé gur chomhlíon Cuideachta Phort Chorcaí na Cóid Iompair le haghaidh Stiúrthóirí agus baill foirne fiontair stáit a d'eisigh an Rialtas agus an tAire Airgeadais, agus gur chloígh an chuideachta leo. Tá cóip de na Cóid Iompair ar fáil ach é sin a iarraidh, agus tá na cóid ar fáil ar láithreán gréasáin na Cuideachta freisin. Tá Beartas maidir le Nochtadh Cosanta (Sceithireacht) ag Cuideachta Phort Chorcaí i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Mar sin féin, ní bhfuarthas aon nochtadh ar ghá é a fhoilsiú.

Maidir le gach comhalta boird agus gach duine ag a raibh post sonraithe sa chuideachta, dheimhnigh mé gur chomhlíon na daoine sin na hoibleagáidí reachtúla a fhorchuirtear leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Dheimhnigh mé gur chomhlíon Cuideachta Phort Chorcaí na hoibleagáidí reachtúla faoi na hAchtanna Cuanta, 1996-2015, agus gur chloígh an chuideachta leo, agus gur cuireadh beartas agus treoirlínte ábhartha an rialtais i bhfeidhm maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chomhlacht Stáit. Chomhlíon Cuideachta Phort Chorcaí an Cód Cleachtais agus Treoirlínte an Rialtais maidir le táillí a íoc le Cathaoirleach agus le stiúrthóirí Boird comhlachtaí Stáit agus gur chloígh an Chuideachta leo sin.

Dheimhnigh mé gur ghlac Cuideachta Phort Chorcaí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú dár dáta Lúnasa 2016 agus gur chloígh an chuideachta leis. Dheimhnigh mé go gcomhlíontar ceanglais bheartas taistil an Rialtais ina n iomláine. Tá cleachtais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánacha curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta chun cloí leis an gCód Cleachtais sin chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus chuir an Chuideachta ar fáil an fhaisnéis riachtanach go léir lena n áirítear an Seicliosta Comhlíonta arna iarraidh ag an Roinn Iompair.

## CEANGLAIS MAIDIR LE COTHROMAÍOCHT INSCNE:

Dheimhnigh mé gur comhlíonadh treoirlínte an Rialtais maidir le ceapacháin bhoird chun cabhrú leis an Roinn Iompair sonraíocht a dhréachtú le haghaidh an cheapacháin boird agus aird chuí a thabhairt ar thairbhe na héagsúlachta ar an mbord, lena n áirítear tairbhe ó thaobh inscne de.

## AMACH ANSEO:

Ag féachaint amach chuig 2022, leanfaidh Cuideachta Phort Chorcaí d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo ach an rialú costas agus leibhéal ard an Phoirt a choinneáil ó thaobh saoráidí, seirbhísí, agus seirbhísí do chustaiméirí de. Dheimhnigh mé go dtabharfaidh Cuideachta Phort Chorcaí tuarascáil eatramhach don Aire ábhartha agus do RÉnua maidir le forbairtí móra atá íogair ó thaobh tráchtála de sna sé mhí a chuaigh thart agus maidir leis na forbairtí dóchúla sa chuid eile den bhliain, mar aon le cuntais neamhiniúchta sé mhí.

## COMHLÍONADH CÁNACH:

Dheimhnigh mé gur chomhlíon an chuideachta a hoibleagáidí faoi dlí cánach in 2021 agus rinne ár gcomhairleoirí cánachais athbhreithniú cuimsitheach chun é sin a dheimhniú.

Thug mé achoimre thuas ar na forbairtí móra atá íogair ó thaobh tráchtála de ag Cuideachta Phort Chorcaí in 2021 agus go dtí seo in 2022. Leanfaidh Cuideachta Phort Chorcaí de bheith i dteagmháil leanúnach leis an Roinn Iompair agus tabharfaimid nuashonruithe rialta don Roinn maidir le forbairtí tráchtála.



Cuideachta Phort Chorcaighe
Tuarascáil an Chathaoirligh

## Buíochas:

Ba mhór an onóir dom é nuair a ceapadh mé i mo Chathaoirleach ar Chuideachta Phort Chorcaí an 26 Samhain 2021, agus tá mé ag súil le dul i mbun oibre leis an Roinn Iompair, leis an mBord Stiúrthóirí, agus le bainistíocht agus le foireann Chuideachta Phort Chorcaí sna 5 bliana amach romhainn. Tháinig deireadh le téarma oifige an Chathaoirligh a bhí ann romham an 26 Feabhra 2021, agus ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Uasal Barry Synott as gníomhú mar Chathaoirleach eatramhach idir an dá linn. Tháinig deireadh le téarma oifige Noel Cregan an 26 Feabhra 2022, agus arís eile ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Noel as a bheith ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus freisin as a bheith in iontaobhaí den Chiste Pinsin ar feadh na naoi mbliana seo a chuaigh thart.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Eamon Ryan, T.D., an tAire Iompair agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus le Hildegarde Naughton, T.D., an tAire Stáit ag an Roinn Aeráide agus Iompair, as a dtacaíocht, a gcúnamh agus a gcomhairle i gcaitheamh an ama. Aithním díograis gach baill foirne sa Roinn Iompair agus i RÉnua agus iad ag plé le Cuideachta Phort Chorcaí.

Beidh tacaíocht an Aire agus na Roinne Iompair ag teastáil ón gCuideachta i gcónaí sa bhliain amach romhainn a bheidh ar an tréimhse is claochlaithe riamh do Phort Chorcaí agus san aistriú ó phort abhann go port mara. An talamh a chuirfear ar fáil faoin aistriú sin, cabhróidh sí le Cathair Chorcaí aghaidh a thabhairt ar thodhchaí iontach ó thaobh tráchtála agus na cathrach de mar beifear in ann na Dugaí agus Tivoli a fhorbairt.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Eoin McGettigan, Príomhfheidhmeannach, agus leis an mbainistíocht agus leis an fostaithe as a dtiomantas agus an obair a rinne siad thar ceann na cuideachta in 2021 agus go dtí seo in 2022.

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na Stiúrthóirí eile as a dtiomantas agus a spéis i ngnóthaí na cuideachta, mar aon lena dtacaíocht agus lena ndúthracht chun freastal ar chruinnithe boird, coiste, fochuideachta agus iontaobhaithe go cianda, agus go pearsanta le déanaí, sa tréimhse seo a bhí an-chasta mar thoradh ar Covid.

**An tUasal Michael Walsh,**
*Cathaoirleach,*

21 Aibreán 20222



# Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh Chuideachta Phort Chorcaí

# Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh Chuideachta Phort Chorcaí



Eoin McGettigan
Príomhfheidhmeannach

## Réamhrá:

Cuimhneofar siar ar 2021 mar an bhliain inar cuireadh Críochfort Coimeádán Chorcaí i gcrích i Rinn an Scidígh ar chostas €89m. Cé gur tháinig roinnt soithí le cé ag an gCríochfort sin in 2021, beidh sé in úsáid go hoifigiúil mar Chríochfort Coimeádán nuair a thiocfaidh soitheach trasatlantach ICL i mbeart ann in Aibreán 2022. Tá oibriú an chríochfoirt coimeádán nua den chéad scoth seo ina thoradh ar phleanáil, ar mhaoiniú agus ar thógáil a mhair na blianta fada. Leis an gCríochfort Coimeádán seo, féachfar chuige go seasfadh Port Chorcaí an aimsir agus rachaidh sé chun tairbhe gheilleagar na hÉireann agus na ngeilleagar réigiúnach agus áitiúil freisin.

Ba shásúil torthaí airgeadais Chuideachta Phort Chorcaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 i bhfianaise an dúshláin leanúnaigh a bhain le paindéim Covid 19. Trácht 10.6m tonna a bhí ag Port Chorcaí agus Port Bheanntraí le chéile, méadú beag ar an trácht in 2020, agus tá anailís mhionsonraithe air an trácht le fáil i dTábla 1. Go hachomair, ba é €39.8m láimhdeachas comhdhlúite an ghrúpa, méadú €6.3m ar 2020. Tháinig méadú €1.7m ar an mbrabús oibriúcháin ar ghníomhaíochtaí leantacha go dtí €7.8m i gcomparáid le 2020 mar thoradh ar thrádáil nua mhéadaithe, go háirithe ródó, lóló, bulclasta leachtach agus lastas lasta ghinearálta, agus rialú costas níos fearr.

Ba é €6.9m (2020: €5.28m) an brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh dhiúscairt sócmhainní seasta agus roimh cháin. Ba é €11m an brabús roimh cháin nuair a chuirtear san áireamh an gnóthachan ar diúscairt Theach an Chustaim (€4.2m). Tar éis cáin a asbhaint, ba é €9.96m (2020: €4.67m) an brabús don bhliain airgeadais inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais na Cuideachta.




Ba é €17m an caiteachas caipitiúil in 2021, ar Chríochfort Coimeádán Chorcaí i Rinn an Scidígh go príomha, agus bhí mar thoradh air sin méadú €10m ar luach sócmhainní seasta agus méadú €17m ar an bhfiachas fadtéarmach. Tháinig méadú €15m ar an iarmhéid airgid tar éis tharraingt anuas fhiachas caipitil €20m mar chuid den socrú cistiúcháin le haghaidh Chríochfort Coimeádán Chorcaí i Rinn an Scidígh.



Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh Chuideachta Phort Chorcaí

Ba é €11.5m (2020: €9.9m) EBITDA comhdhlúite athfhillteach agus is mó é sin ná EBITDA tar éis thabhairt i gcrích an tionscadail atá de dhíth faoi na Cúnaint Bhainc. Dar liom, beidh ar an gCuideachta EBITDA athfhillteach bliantúil inbhuanaithe €12m a ghiniúint chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- iasachtaí atá ann cheana féin ar luach díreach faoi bhun €5m in aghaidh na bliana a mhaoiniú agus a aisíoc,
- go leor airgead tirim a ghiniúint chun ár sócmhainní oibriúcháin atá ag dul in aois a athsholáthar, agus
- cistiú a dhéanamh ar infheistíochtaí straitéiseacha tábhachtacha a aithnítear i Máistirphlean Phort Chorcaí 2050, agus a bhfuil achoimre orthu freisin sa Straitéis Chorparáideach, 2022-2026, a cuireadh faoi bhráid na Roinne Iompair i Márta 2022, ina leagtar amach na chéad chéimeanna atá riachtanach chun cuspóirí na Cuideachta a bhaint amach.

and also outlined in the Corporate Strategy 2022-2026 submitted to the Department of Transport in March 2022, which sets out the initial steps required to achieve the Company objectives.

## Comhdhlúthú:

Táirgeadh Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Chuideachta Phort Chorcaí amhail ar an 31 Nollaig 2021 agus cuimsítear iontu a fochuideachtaí Aniram MDA DAC, Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí DAC, Seirbhísí Chríochfoirt Phort Chorcaí DAC, agus a cuideachta chomhlachaithe Cuideachta Forbartha Mhuiríne Bhéal an Bhealaigh DAC. Is é Seirbhísí Chríochfoirt Phort Chorcaí DAC an fhochuideachta atá freagrach as lastas ardú ann/ardú as (lóló) agus rolladh ann/rolladh as (róró) agus is é Aniram MDA Limited úinéir 100% Lamairne ADM. Leanann CPTSL d'acmhainneacht a léiriú maidir le seirbhísí lastais lóló agus róró sa Chríochfort a oibriú go rathúil.

## Cuideachta Forbartha Mhuiríne Bhéal an Bhealaigh (BMDC):

Tá scairsheilbh 40% ag Cuideachta Phort Chorcaí in BMDC, agus is é Lanber an scairshealbhóir tromlaigh 60%. Úsáideadh na hinfheistíochtaí sa Chuideachta seo chun breis is 100 acra a shealbhú ag Pointe Marino, lena n áirítear 60 acra is féidir a úsáid idir thalamh ruílse agus talamh léasach ar an urthrá, mar aon le lamairne domhain atá ann cheana féin agus atá nasctha leis an iarnród. Tá sé beartaithe go mbeidh an láithreán sin ina chuid lárnach de bhonneagar Chuideachta Phort Chorcaí amach anseo. Thángthas ar chomhaontú le Lanber i Lúnasa 2021 chun scairsheilbh Chuideachta Phort Chorcaí in BMDC a mhéadú.

## Díbhinn 2022:

Is é beartas sonraithe Bhord Chuideachta Phort Chorcaí tacú leis an Scairshealbhóir agus díbhinn bhliantúil a íoc. Nuair a dhéantar dearbhú maidir le díbhinn bhliantúil, cuireann an Bord san áireamh cóimheas fiachais na cuideachta, an clár caiteachais chaipitiúil agus easnamh na Cuideachta ó thaobh pinsin de. Luach €89m a bhí ar Chonradh Athfhorbartha CCT Rinn an Scidígh, agus thug Cuideachta Phort Chorcaí an conradh chun críche in Iúil 2021. Tá struchtúr cistiúcháin comhaontaithe i bhfeidhm agus tarraingíodh síos €30m ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ó Bhanc AIB faoinar gá aisíocaíochtaí bliantúla úis agus caipitil díreach faoi bhun €5m a dhéanamh in aghaidh na bliana.

Tá foráil déanta ag Cuideachta Phort Chorcaí le haghaidh ioncam timpeall €40m in 2022 lena gcuimsítear brabús réasúnta íseal ar bhonn sócmhainní €166m agus toradh íseal ar infheistíocht mar a thagann dímheas iomlán CCT nua Rinn an Scidígh i bhfeidhm. In ainneoin na rioscaí móra a bhaineann le paindéim Covid 19 in 2020 agus 2021, d'éirigh leis an bPort oibríochtaí a chothabháil atá comhsheasmhach le stádas an phoirt mar sheirbhís bhunriachtanach. Sna himthosca sin, tá sé beartaithe ag Cuideachta Phort Chorcaí díbhinn €250,000 a íoc in 2022.



Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh
Chuideachta Phort Chorcaí

## Críochfort Coimeádán Chorcaí –
## Pleanáil Straitéiseach Bhonneagar an Phoirt:

Chuir Cuideachta Phort Chorcaí an tionscadal athfhorbartha CCT i Rinn an Scidígh i gcrích i mí Iúil 2021, rud a chaomhnóidh Port Chorcaí mar thairseach idirnáisiúnta don trádáil. Cuimsíodh leis an bhforbairt iomlán tógáil saoráidí nua láimhseála coimeádán i Rinn an Scidígh chun freastal ar 330,000 aonad coibhéise fiche troigh (TEU) i dtosach, agus cuirfear síneadh leis an mbeart domhain atá ann cheana féin amach anseo. Tá sé fíorthábhachtach ar fad go mbeifear in ann freastal ar shoithigh mhóra le go mbeidh ar chumas Phort Chorcaí a bheith iomaíoch agus leanúint de fhreastal ar riachtanais chustaiméirí an phoirt agus, ag an am céanna, dul in oiriúint do riachtanais forbartha eacnamaíochta an gheilleagair in Éirinn.

Cuimsítear leis an gcéad chéim den fhorbairt i Rinn an Scidígh Beart Feabhsaithe 360m, críochfort coimeádán nua, dhá chraein idir long is tír, agus Córas Oibriúcháin Iompróra Gabhalscartha agus na foirgnimh chothabhála riachtanacha, agus bhí costas €89m orthu sin go léir thar thréimhse ceithre bliana. Anuas ar a cúlchistí airgid féin a úsáid, fuair an Chuideachta cistiú le deontas ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF), ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), ó AIB agus ón gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ).

BAM a chuir na hoibreacha bonneagair i gcrích i Rinn an Scidígh agus sheachaid Konecranes dhá iompróir gabhalscartha nua. Tháinig sé cinn d'iompróirí gabhalscartha athláimhe ó Phort Marseille na Fraince, agus rinne Liebherr dhá chraein idir long is tír a sheachadadh. Ordaíodh dhá iompróir gabhalscartha nua in 2022 freisin. Tá siad neamhdhíobhálach don chomhshaol agus tíosach ar fhuinneamh, agus tá siad le seachadadh roimh dheireadh na bliana.

Cuimsítear leis an bhforbairt i Rinn an Scidígh fánán agus limistéir taitneamhachta feabhsaithe nua a thógáil ag Pointe Phádraig. Osclaíodh an tsaoráid iontach seo don phobal in 2019, agus tabharfaidh Cuideachta Phort Chorcaí €1 milliún do thionscnamh sochair pobail Rinn an Scidígh freisin. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh feabhas a chur ar áiseanna sa sráidbhaile. Lean Cuideachta Phort Chorcaí den chaidreamh le lucht cónaithe chuan Chorcaí maidir leis an bhforbairt i Rinn an Scidígh agus tuigeann an chuideachta go rímhaith an gá atá le comhoibriú iomlán mhuintir na háite agus páirtithe leasmhara áitiúla.

Tacaítear le tionscadal athfhorbartha Phort Rinn an Scidígh sa Bheartas Náisiúnta maidir le Calafoirt de chuid an Rialtais, agus aithnítear Port Chorcaí mar chalafort Leibhéal 1 a bhfuil tábhacht náisiúnta leis. Tá sé aitheanta ag an Aontas Eorpach freisin mar phort croíghréasáin i láthair na huaire ar an gconair idir an Mhuir Thuaidh agus an Mheánmhuir. Cé gur bhain roinnt long úsáid as CCT cheana féin, soithí iompórtála gluaisteán agus longa coimeádán ina measc, tá súil againn go mbeidh CCT i seirbhís go hiomlán faoin dara ráithe de 2022.

Lean an Chuideachta dá tiomantas leanúnach don Infheistíocht Chaipitil in 2021 chun saoráidí a sheachadadh le haghaidh iompórtáil agus easpórtáil earraí tríd an bport agus rinne an Chuideachta infheistíochtaí €228m i sócmhainní nua sa tréimhse cúig bliana fichead ó corpraíodh an chuideachta in 1997.

## Dúshlán eacnamaíoch roimh Chuideachta Phort Chorcaí:

Beidh dúshláin mhóra ó thaobh sreabhadh airgid de le sárú ag an bPort go luath amach anseo. Mar a shonraítear thuas, fuair an Chuideachta iasachtaí ó BEI (€30m) agus AIB (€30m) chun an athfhorbairt i Rinn an Scidígh a chistiú. Ní mór aisíocaíochtaí bliantúla úis agus caipitil díreach faoi bhun €5m a dhéanamh in aghaidh na bliana sna 5 bliana amach romhainn, anuas ar an ngá atá ann trealamh láimhseála lasta atá ag dul in aois a athsholáthar agus infheistíochtaí straitéiseacha tábhachtacha a dhéanamh. Is é fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas sin an fhadhb chriticiúil atá le sárú ag an gCuideachta. Ní féidir dul i ngleic leis ach trí leanúint d'fheabhas a chur ar an éifeachtúlacht, athbhreithniú a dhéanamh ar ár mbonn sócmhainní, luach a chur lenár seirbhísí agus gnó nua a mhealladh.

## Máistirphlean 2050:

D'fhostaigh an Chuideachta ARUP chun cabhrú le Máistirphlean 2050 Phort Chorcaí a ullmhú. Leis an Máistirphlean sin, cuirfear bonn eolais faoi fhorbairt an chalafoirt sna 30 bliain amach romhainn agus beidh sé ar cheann de na doiciméid tagartha a bheidh ar fáil do Phort Chorcaí agus breithniú agus measúnú á dhéanamh ar straitéisí agus ar mholtaí amach anseo le haghaidh forbartha. Is beag port ina ndéanfar clár athlonnaithe agus fairsingithe chomh críochnúil céanna, agus dá bhrí sin is Máistirphlean réigiúnach a bheidh i Máistirphlean 2050. Féachfar ann ar Phort Chorcaí ina iomláine agus cuirfear san áireamh srianta agus deiseanna a bhaineann le cúrsaí mara, le taobh na talún agus leis an nascacht iompair.

Thug foireann an Chalafoirt an fhaisnéis ábhartha go léir do ARUP, a bhain leas as modheolaíochtaí seanbhunaithe agus toimhdí chun measúnú a dhéanamh ar an méadú a d'fhéadfadh teacht ar obair thar gach cineál trádála. Ar an gcaoi sin, tugadh bonn iontaofa do Phort Chorcaí chun cinntí le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha a threorú.

Aithníodh sa Mháistirphlean sin go mbeidh gá dhá chríochfort a oibriú ag Tivoli agus ag CCT chun freastal ar na héilimh ar an acmhainneacht agus ar an bhfás measta sa trádáil go dtí go gcuirfear débhealach nua an M28 chomh fada le Rinn an Scidígh i gcrích. Cuireadh na sonraí ábhartha chun tacú leis sin faoi bhráid an Bhoird i Nollaig 2021 agus i bhFeabhra 2022. Léirítear leis an bpróifíl éilimh sin freisin go mbeidh ar an gCuideachta pleanáil a dhéanamh le haghaidh caiteachas caipitiúil breise ag CCT nuair a bheidh an M28 curtha i gcrích, síneadh a chur leis an mBeart Domhain i Rinn an Scidígh, trealamh nua láimhseála lasta agus talamh bhreise taobh leis an bport a cheannach, agus feabhas a chur ar an tsaoráid ag Pointe Marino.

Tá sé ríthábhachtach luach ár mbunachair talún a bharrfheabhsú le go mbeidh sé ar chumas Chuideachta Phort Chorcaí a riachtanais chaipitil amach anseo a chistiú. Tá acmhainneacht forbartha ag Céanna na Cathrach agus ag Tivoli ríthábhachtach le go mbeidh sé ar a cumas ag an gCuideachta cur lena hacmhainneacht i Rinn an Scidígh agus i mBéal an Bhealaigh.



Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh Chuideachta Phort Chorcaí

## Straitéis Chorparáideach Chuideachta Phort Chorcaí, 2022-2026:

Cuireadh Straitéis Chorparáideach Chuideachta Phort Chorcaí, 2022-2026, faoi bhráid an Bhoird Stiúrthóirí i bhFeabhra 2022 agus seoladh dréacht chuig an Roinn Iompair an 24 Márta. Sa straitéis sin, leagaimid amach na cuspóirí is gá a bhaint amach sna 5 bliana amach romhainn le rath fadtéarmach agus oidhreacht mharthanach Chuideachta Phort Chorcaí a chinntiú. Cé go bhfuil an iliomad dúshlán ann, creidimid go bhfuil deis mhór ann freisin feabhas a chur ar staid iomaíochta na hÉireann agus port de scoth an domhain a sheachadadh a rachaidh chun tairbhe ár dtíre, ár bpobal agus ár gcustaiméirí.

An chéad chéim den straitéis seo is ea CCT a oscailt agus oibríochtaí a athlonnú síos an abhainn chun dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le soithí níos mó agus éileamh níos mó i measc custaiméirí ar aga comhlánaithe níos lú sa phort. Leagtar amach sa straitéis na chéad chéimeanna eile a bhaineann le freastal ar riachtanais acmhainneachta, lena n áirítear an gá le leanúint d'oibríochtaí ag Críochfort Coimeádán Tivoli agus ag CCT araon sa mheántéarma fad atáimid ag fanacht ar thógáil agus ar oibriú an M28. Ní mór dúinn leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i saoráidí calafoirt chun saoráidí agus seirbhísí atá iontaofa, sábháilte agus ardfheidhmíochta i slabhra lóistíochta éifeachtúil a chur ar fáil do chustaiméirí.

Chun é sin a chistiú, ní mór dúinn éifeachtúlacht níos mó a chur chun cinn inár ngnó, na cinntí cearta a dhéanamh, agus réitigh cistiúcháin nuálacha a aimsiú. Tá achoimre orthu seo a leanas sa straitéis seo: (i) béim níos mó ar rialú costas agus ar an éifeachtúlacht agus an dúshlán airgeadais atá le sárú ag an gCuideachta anois á chur san áireamh, (ii) an caiteachas caipitiúil ar bhonneagar agus ar threalamh a mhéadú chun trealamh atá ag dul in aois a athsholáthar, (iii) sreafaí ioncaim nua a shainaithint, agus (iv) éirí as gníomhaíochtaí neamhéifeachtúla nó ar thoradh íseal. Tá an bhainistíocht tiomanta d'úsáid a bhaint as costáil bhunaithe ar ghníomhaíocht agus as anailís rannchuidithe mar uirlisí chun earnálacha gnó a shainaithint le hinfheistíocht a dhéanamh iontu, le feabhsú nó le héirí astu.

Tá tuairisc sa straitéis freisin ar an bhfeasacht atá againn, mar phort tráchtála, ar ár n oidhreacht agus ar an ról atá againn sa phobal áitiúil, agus tá folláine mhuintir Chorcaí fréamhaithe inár luachanna.

## Creat Feabhais Leanúnaigh – EFQM:

Bíonn dúshlán ann i gcónaí straitéis, an plean corparáideach, buiséid bhliantúla, agus gníomhaíocht laethúil a nascadh le chéile. Tá creat – EFQM (an Fhondúireacht Eorpach um Bainistíocht Cháilíochta) – sainaitheanta ag an bhfoireann bainistíochta sinsearaí ar féidir é a úsáid chun cabhrú leis an nasc sin. Go bunúsach, tugtar tuairisc sa chreat ar bhealach ina bhféadfadh an Chuideachta breac-chuntas a thabhairt ar a chuspóirí. Ansin, is féidir an fheidhmíocht a thomhas ar bhealach struchtúrtha chun an méid atá ar siúl ag an gCuideachta, nó cuspóirí na Cuideachta, a chur in oiriúint i gcomhréir le torthaí tomhaiste. Dearadh EFQM 25 bliana ó shin, agus tá sé in úsáid ag breis is 30,000 eagraíocht ghnó san Eoraip, BMW, Bosch, BSL agus go leor cuideachtaí eile ina measc. Cuimsítear le samhail EFQM féinmheasúnú ar dtús agus bearta ceartaitheacha ina dhiaidh sin.

Cruthaíodh foireann ilréimsiúil spriocdhírithe de thriúr den lucht meánbhainistíochta chun dul chun cinn a dhéanamh ar chreat feabhais leanúnaigh EFQM. Is iad sin a stiúrfaidh seachadadh EFQM ar fud na heagraíochta le tacaíocht ón bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí.

## Comhshaol:

Tosaíocht leanúnach atá ag an gCuideachta is ea cáilíocht an chomhshaoil ag Port Chorcaí a chosaint, go háirithe sna limistéir sin a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar oibríochtaí an chalafoirt. Táimid tiomanta do na caighdeáin bainistíochta comhshaoil is airde trínár gclár bainistíochta comhshaoil a chur i bhfeidhm. Déantar an clár sin a oibriú i gcomhréir leis an dea-chleachtas domhanda agus le caighdeáin atá ag teacht le creidiúnú athnuaite ISO14001 agus Eco Ports.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Tá sé mar aidhm le beartas Chuideachta Phort Chorcaí maidir leis an bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC) luachanna agus iompar na Cuideachta a ailíniú le hionchais agus le riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus an phobail. De réir an bheartais sin, cuirtear de cheangal ar an gCuideachta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara,
- an reachtaíocht go léir, lena n áirítear reachtaíocht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht agus leis an gComhshaol, a chomhlíonadh,
- feabhas a chur ar cháil idirnáisiúnta Chuan Chorcaí mar áis nádúrtha uathúil atá oiriúnach don fhorbairt tráchtála inbhuanaithe taobh le gníomhaíochtaí fóillíochta,
- dea-chleachtas maidir le caighdeáin saothair agus leas fostaithe a sholáthar, agus
- glacadh le teicneolaíochtaí nua agus córais bhainistíochta nua chun lorg carbóin na Cuideachta a laghdú an oiread is féidir.

Agus na srianta maidir le Covid á maolú, tá an Chuideachta tiomanta do pháirt a ghlacadh i roinnt tionscadail áitiúla phobalbhunaithe timpeall ar Chuan Chorcaí, agus leanann an Chuideachta de thacú le himeachtaí tábhachta fóillíochta muirí. Mar chuid dá tiomantas don turasóireacht mhuirí agus don fhóillíocht mhuirí, cuimsíodh le tionscnaimh Chuideachta Phort Chorcaí comórtas rathúil do scoileanna a éascú chun ainm a chur ar an dá chraein nua idir long is tír in CCT, rochtain phoiblí a chur ar fáil ar Gharraí na Mílaoise in Tivoli, Cé Hugh Coveney i mBun an Tábhairne, agus an clós súgartha a forbraíodh ar thalamh an chalafoirt agus an limistéar taitneamhachta ag Pointe Phádraig.

## Turasóireacht:

Tháinig líon iomlán de 100 long chúrsála go Corcaigh in 2019, agus thug siad breis is 200,000 duine, idir phaisinéirí agus chriú, chun cuairt a thabhairt ar an réigiún. Faraor, cuireadh teacht i dtír na long cúrsála go léir ar ceal in 2020 agus in 2021 mar thoradh ar Covid 19.





Tá Cuideachta Phort Chorcaí an-bhuíoch leis an Roinn Iompair a d'oibrigh i gcomhar leis an Roinn Sláinte chun prótacal a chur i bhfeidhm le cuairteanna long cúrsála go hÉirinn a cheadú arís in 2022. Ba í Borealis an chéad long chúrsála a tháinig go Corcaigh le breis is dhá bhliain, agus tháinig sí i dtír sa Chóbh ar an Aoine, an 15 Aibreán. Táthar ag súil le líon iomlán de 90 long chúrsála i gCorcaigh in 2022 agus 11 long chúrsála i bPort Bheanntraí.

## Fostaithe agus Cumarsáid

Tá Cuideachta Phort Chorcaí tiomanta do scileanna agus d'eolas a fostaithe a fhorbairt agus do leas a bhaint astu chun spriocanna na Cuideachta a bhaint amach. Tá gníomhartha sonracha á nglacadh chun feabhas a chur ar an gcumarsáid, ar an gcaidreamh tionsclaíoch, ar rannpháirtíocht agus ar fhorbairt fostaithe, agus ar chórais bhainistíochta. Táthar ag leanúint den oiliúint agus den fhorbairt réamhghníomhach mar fhreagairt ar na seirbhísí laistigh den chuideachta atá dírithe ar chustaiméirí agus atá ag feabhsú i gcónaí.

Bíonn físeáin ghearra á dtaifeadadh agam go rialta agus is féidir leis an bhfoireann féachaint orthu ar an aip Connect. Déanaim é sin in ionad na gcruinnithe idirghníomhacha de chineál 'halla an bhaile' mar bhí orainn iad sin a chur ar ceal mar thoradh ar Covid 19. Leantar den chreat foriomlán cumarsáide san eagraíocht a fheabhsú le húsáid na teicneolaíochta.

Shocraigh an Chuideachta sócmhainn nach bunsócmhainn í, trádstóras i Rinn an Scidígh ar a dtugtar Buckeye, a dhíol in 2021. Ina theannta sin, cheannaíomar cúig agus aon cheathrú acra talún i Rinn an Scidígh. Rockfarm a thugtar ar an talamh sin, agus tá sé i gceist againn foirgneamh oifigí nua don fhoireann a fhorbairt ann sa mheántéarma.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Dianchóras sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm ag an gCuideachta agus tacaíonn na fostaithe go léir leis. Tá an beartas sin bunaithe ar cheanglais na reachtaíochta fostaíochta agus na gcaighdeán sláinte agus sábháilteachta, lena n áirítear na ceanglais sna hAchtanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair. Baineadh amach creidiúnú OHSAS 18001 maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, agus bhí mar thoradh air sin gur chuir an Chuideachta feabhas ar an bhfeasacht ar fud an Phoirt. Aithnítear an caighdeán sin mar an tagarmharc idirnáisiúnta don dea-chleachtas sa tSláinte agus sa tSábháilteacht Cheirde, agus bronnadh an caighdeán mar aitheantas ar na caighdeáin arda cleachtais shábháilte agus feasachta i gCuideachta Phort Chorcaí.

Bhí Covid 19 ina dhúshlán mór arís eile in 2021 agus shonraigh an Rialtas gur seirbhís bhunriachtanach atá sa phort. Rinne an Chuideachta a riosca Covid a bhainistiú le prótacail chríochnúla a raibh tuiscint mhaith ag fostaithe ar fud na heagraíochta orthu, agus lean an Chuideachta de na seirbhísí a bhí ag teastáil ó gach soitheach a chur ar fáil. Lean fostaithe oifig an phoirt de bheith ag obair ón mbaile in 2021 ach, mar thoradh ar rath an phróisis vacsaínithe, tá baill foirne ag beartú filleadh ar an oifig ar bhonn sceidealaithe rialta sa dara ráithe de 2022.

Tá an Chuideachta den tuairim láidir nach mór oibríochtaí go léir an Phoirt a dhéanamh ar bhealach sábháilte éifeachtúil. Leanadh den Fheachtas Feasachta Sláinte agus Sábháilteachta ar bhonn pearsanta agus go cianda in 2021, agus ghlac na fostaithe go léir páirt in oiliúint feasachta sábháilteachta. Tá Clár Folláine Fostaithe i bhfeidhm ag an gCuideachta freisin, agus cuimsítear leis Clár cuimsitheach Cúnaimh d'Fhostaithe, scagadh slándála débhliantúil ar bhonn deonach, agus cláir faireachais sláinte.

## Bainistíocht Riosca Oibriúcháin – an Cód Idirnáisiúnta maidir le Bainistíocht Sábháilteachta agus Comhshaoil i bPoirt (IPSEM):

Athnuadh deimhniú Chuideachta Phort Chorcaí um chomhlíonadh faoi chód IPSEM ag eagraíocht idirnáisiúnta Bureau Veritas in 2020. Cód cleachtais agus scéim deimhniúcháin is ea IPSEM faoina gcuimsítear bainistíocht sábháilteachta agus comhshaoil ar oibríochtaí agus cothabháil gach saoráide sa phort. Soláthraítear leis don Chuideachta uirlis chumhachtach chun feabhas a chur ar chórais oibriúcháin an phoirt, ar an tsábháilteacht agus ar an gcomhshaol.

## Bainistíocht Straitéiseach Riosca:

Rinne Cuideachta Phort Chorcaí a measúnú ar bhainistíocht straitéiseach riosca a nuashonrú in 2021 agus go luath in 2022 agus, bunaithe ar an anailís sin, sainaithníodh na príomhrioscaí atá os comhair na Cuideachta. Tá an Bhainistíocht Straitéiseach Riosca ina tosaíocht do bhainistíocht agus d'fhorbairt Chuideachta Phort Chorcaí i gcónaí. Anuas ar athbhreithnithe rialta iniúchta seachtracha agus inmheánacha, tá an chuideachta tiomanta do chreidiúnaithe maidir le sláinte agus sábháilteacht, comhshaol, IPSEM, Slándáil an Phoirt, agus do chreidiúnaithe eile. Déanann an chuideachta athbhreithniú leanúnach ar nósanna imeachta lena chinntiú go mbíonn dianphróisis bhainistíochta i bhfeidhm le haghaidh bainistíocht agus rialú riosca.

Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh
Chuideachta Phort Chorcaí

## Buíochas:

Faoi stiúir an Chathaoirligh agus an Bhoird Stiúrthóirí, agus le tacaíocht uathu, agus a bhuí le tiomantas, dúthracht, agus gairmiúlacht leanúnach na foirne, tá Cuideachta Phort Chorcaí tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán a bheidh roimpi amach anseo agus do sheirbhís den chéad scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Uasal Michael Walsh, an Cathaoirleach, a ceapadh an 10 Samhain 2021, leis an Uasal Barry Synott, an Cathaoirleach eatramhach, leis an Uasal John Mullins, iar-Chathaoirleach, agus leis na Stiúrthóirí go léir as a gcuid tacaíochta agus treorach. Is mian liom buíochas a ghabháil le foireann go léir na Roinne Iompair faoi stiúir an Aire Eamonn Ryan T.D., an Aire Hildegarde Naughton T.D. agus an Ard-Rúnaí, as a gcúnamh leanúnach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí go léir as a n infheistíocht leanúnach i gCuideachta Phort Chorcaí agus as a dtacaíocht leanúnach linn.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann go léir as a dtiomantas agus a ndúthracht don Chuideachta, rud a chinntigh go raibh feidhmíocht inghlactha ag an gCuideachta i rith bliain dhúshlánach neamhghnách. Ach a bheith tiomanta don ghnó, tá muinín agam go mbeidh an Chuideachta in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin go léir atá roimpi go muiníneach agus go mbeidh rath leanúnach i ndán di amach anseo.

**Eoin McGettigan,**
*Príomhfheidhmeannach*
Aibreán 2022






# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

## An Bord Stiúrthóirí:

Mr. Michael Walsh *(Chairperson),*

Mr. Eoin McGettigan *(Chief Executive),*

Mr. David Browne,

Ms. Gillian Keating,

Ms. Joan McGrath,

Mr. Philip Smith,

Mr. Finbarr Synott.

## Foireann bainistíochta:

Mr. Eoin McGettigan
*Chief Executive,*

Mr. Donal Crowley
*Deputy Chief Executive, Chief Financial Officer and Company Secretary,*

Capt. Paul O'Regan
*Harbour Master and Chief of Operations,*

Mr. Conor Mowlds
*Chief Commercial Officer,*

Mr. Henry Kingston
*Port Engineering Manager,*

Mr. Peter O'Shaughnessy
*Head of Human Resources.*

## Oifig chláraithe agus seoladh gnó:

Port of Cork Company,
Finance Department,
Tivoli Terminal Building,
Tivoli Dock & Industrial Estate,
Cork T23 YNT9.

## Aturnaetha:

JW O'Donovan,
53 South Mall,
Cork.

Philip Lee,
7/8 Wilton Terrace,
Dublin 2.

Coakley Moloney,
49 South Mall,
Cork.

## Baincéirí:

Allied Irish Banks plc.,
66 South Mall,
Cork.

KBC Bank Ireland Plc.,
4 Lapps Quay,
Cork.

Bank of Ireland,
2nd Floor,
Baggot Plaza,
27-33 Baggot Street Upper,
Dublin 4.

European Investment Bank,
100 Blvd Konrad Adenauer,
Luxembourg L-2950.

## Iniúchóir:

Deloitte Ireland LLP,
Chartered Accountants
and Statutory Audit Firm,
No. 6 Lapps Quay,
Cork.

## Achtúirí:

Mercer Limited,
23/25 South Terrace,
Cork.



# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Tugann na stiúrthóirí leis seo a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis iniúchta airgeadais chomhdhlúite an ghrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021. Liostaítear fochuideachtaí na cuideachta agus an chuideachta chomhlachaithe i nóta 13.**

### Príomhghníomhaíochtaí

Tá an Chuideachta tiomanta do shaoráidí Poirt, seirbhísí, lóistín agus talamh atá sábháilte, éifeachtúil agus cost-éifeachtúil a sholáthar, ar bhonn tráchtála iontaofa, sa chalafort chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

| Results and Dividends | € |
|---|---|
| Profit on Ordinary Activities before Taxation | 11,083,449 |
| Taxation | (1,125,105) |
| Profit for the Financial Year | 9,958,344 |

### Athbhreithniú ar an ngnó

Tá sonraí ar an mbrabús don bhliain airgeadais, mar aon le figiúirí comparáideacha do 2020, leagtha amach sa Chuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais ar leathanach 16 agus sna nótaí a ghabhann leis.

10.6 milliún tonna a bhí sa tréchur in 2021 (2020: 10.5 milliún tonna).

€39.83 milliún a bhí san ioncam iomlán do 2021, méadú 18.02% ar 2020 (€33.75 milliún). Tháinig méadú 27.33% ar an mbrabús oibriúcháin go €7.78 milliún ó €6.11 milliún in 2020. Ba ann do bhrabús €11.08 milliún ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin in 2021 i gcomparáid le €5.3 milliún in 2020, lena n áirítear díol fhoirgneamh Theach an Chustaim a cuireadh san áireamh in 2021.

### Athfhorbairt an Phoirt ag Rinn an Scidígh

Thug an Bord Pleanála cead pleanála don Chuideachta in 2017 le haghaidh athfhorbairt bonneagair riachtanaigh ag Rinn an Scidígh. €87 milliún an costas measta ar an athfhorbairt.

Táthar ag súil go mbeidh Céim 1 de thionscadal athfhorbartha Phort Rinn an Scidígh oibríochtúil sa dara ráithe de 2022. Éascófar leis an tionscadal foriomlán, ar bhonn céimnithe, aistriú na ngníomhaíochtaí láimhseála lasta ag Port Chorcaí ó Tivoli agus ó Chéanna na Cathrach in am trátha.

### Scéimeanna Pinsin Chuideachta Phort Chorcaí – Luacháil Achtúireach

Feidhmíonn Cuideachta Phort Chorcaí scéimeanna pinsin le sochar sainithe. Rinne Mercer Limited, Achtúirí agus Comhairleoirí, an luacháil achtúireach iomlán deiridh ar Scéimeanna Pinsin na Cuideachta an 1 Eanáir 2021 leis an luacháil chaighdeánach cistiúcháin íosta ar dhliteanais. Ba é €50.40 milliún luach margaidh na sócmhainní i scéimeanna aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí ar dháta na luachála achtúirí, agus léiríodh sa luacháil achtúireach go raibh luach achtúireach na sócmhainní sin cothrom le 90% de na sochair a thabhaigh na comhaltaí.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## Sochair scoir

Easnamh Ciste Pinsin €3.19 milliún a bhí ag an gcuideachta an 31 Nollaig 2021 arna ríomh i gcomhréir le FRS 102, i gcomparáid le heasnamh €5.4 milliún an 31 Nollaig 2020. Tar éis di tuairim dhlíthiúil a fháil, measann an chuideachta gur stuama an rud é foráil do Scéimeanna Pinsin Údarás Píolótaíochta Phort Chorcaí. Dá bhrí sin, rinneadh an dliteanas a tháinig chun cinn a chur san áireamh an 31 Nollaig 2021. Tá cur síos mionsonraithe i nóta 21 leis na ráitis airgeadais ar thionchar FRS 102 i ndáil le pinsin.

## Forbairtí amach anseo

Is é garchuspóir na cuideachta leanúint d'fheidhmiú mar chuideachta thráchtála faoi úinéireacht stáit. Baintear amach é sin ach na struchtúir chearta agus na nósanna imeachta cearta a chur i bhfeidhm chun bonn daingean a sholáthar lena ndéanfar na nithe seo a leanas:

(a) a chinntiú go leanfar de chloí le hardchaighdeáin sábháilteachta agus rialála na seirbhísí a sholáthraítear do longa i bPort Chorcaí,

(b) a chinntiú go nglactar gach beart iomchuí le haghaidh bhainistiú, rialú, oibriú agus forbairt an chalafoirt agus na gcainéal isteach chuige,

(c) infheistíocht sa chalafort a spreagadh,

(d) forbairt gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha brabúsacha a bhaineann leis na príomhghníomhaíochtaí a chumasú,

(e) maidir leis na hacmhainní atá ar fáil don chuideachta, a chinntiú go mbaintear úsáid astu agus go ndéantar bainistíocht orthu ar bhealach atá ag teacht le cuspóirí na cuideachta.

## Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Rinne Cuideachta Phort Chorcaí measúnú riosca in 2021. Cuireadh rioscaí in ord tosaíochta le Scór Riosca Iomláin a cinneadh mar an toradh ar scór an tionchair agus scór na dealraitheachta. Bunaithe ar an anailís sin, sainaithníodh na príomhrioscaí atá os comhair na Cuideachta.

## Eochairtháscairí feidhmíochta

Tá an chuideachta dírithe ar thorthaí agus ullmhaíonn sí buiséad bliantúil agus plean gnó corparáideach le haghaidh na gcúig bliana amach romhainn. Déantar an fheidhmíocht iarbhír a thomhas i gcoinne an bhuiséid. Is iad tréchur, ioncam, speansais dhíreacha, ioncam neamhoibríochtúil, forchostais roinne, brabús roimh cháin agus sreabhadh airgid na heochairtháscairí feidhmíochta is mó a úsáideann an chuideachta chun feidhmíocht a thomhas.

Úsáidtear raon leathan eochairtháscairí feidhmíochta ar fud na heagraíochta agus déantar iad a mhiondealú de réir roinne agus an duine fhreagraigh. Déantar monatóireacht agus tuairisciú ar na heochairtháscairí feidhmíochta sin ar a seal lena chinntiú go mbaintear amach spriocanna na n eochairtháscairí feidhmíochta.

## Cúrsaí comhshaoil

Tá Cuideachta Phort Chorcaí tiomanta do na caighdeáin is airde i gcláir bainistíochta comhshaoil agus tá creidiúnú ag an bPort faoi ISO14001 agus ó fhondúireacht ECOPORTS.



# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## Fuinneamh

Tá Cuideachta Phort Chorcaí tiomanta d'fheidhmiú i gcomhréir leis na caighdeáin is airde ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de, agus bronnadh teastas maidir le Clárúchán an Chórais Bainistíochta Fuinnimh i gcomhréir le I.S. ENISO 50001:2018 ar an gCuideachta in 2019.

Shínigh Port Chorcaí comhaontú comhpháirtíochta le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus déanann an Port tuairisciú bliantúil ar úsáid fuinnimh agus ar ghníomhartha chun an t ídiú fuinnimh a laghdú i gcomhréir le I.R. 542 de 2009.

## Scairshealbhóirí

Amhail ar an 31 Nollaig 2021, bhí Scairchaipiteal go léir na cuideachta ar teachtadh go tairbhiúil ag an Aire Iompair, cé is moite d'aon scair amháin a bhí ar teachtadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi Alt 9(2) d'Ionstraim Reachtúil 842 de 2005 An tOrdú um Shábháilteacht agus Slándáil Iompair Mhuirí (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2005.

## Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Ceapadh an tUasal Michael Walsh (Cathaoirleach) ina Stiúrthóir ar feadh téarma cúig bliana le feidhm ón 26 Samhain 2021. Ceapadh Joan McGrath, Uasal, ina Stiúrthóir ar feadh téarma cúig bliana le feidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2021.

D'éirigh an tUasal Finbarr Synott as mar stiúrthóir an 8 Eanáir 2022 agus d'éirigh an tUasal Noel Cregan as mar stiúrthóirí an 26 Feabhra 2022 ar dhul in éag a dtéarma oifige. Athcheapadh an tUasal Barry Synott ina stiúrthóir an 7 Márta 2022.

Bhí na stiúrthóirí agus an rúnaí seo a leanas i mbun oifige i rith na bliana airgeadais.

An tUasal Eoin McGettigan *(Príomhfheidhmeannach)*

An tUasal David Browne,

An tUasal Noel Cregan

Gillian Keating, Uasal, agus

An tUasal Philip Smith.

Tá sonraí sa tábla thíos ar dháta ceaptha na gcomhaltaí reatha.

| Board Structure | | |
|---|---|---|
| **Board Member** | **Role** | **Date Appointed** |
| Mr. Michael Walsh | Chairperson | 26 November 2021 |
| Mr. Eoin McGettigan | Ordinary Member | 1 October 2020 |
| Mr. David Browne | Ordinary Member | 11 October 2017 |
| Ms. Gillian Keating | Ordinary Member | 14 October 2020 |
| Ms. Joan McGrath | Ordinary Member | 1 October 2021 |
| Mr. Philip Smith | Ordinary Member | 26 February 2021 |
| Mr. Finbarr Synnott | Ordinary Member | 7 March 2022 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tugtar miondealú anseo thíos ar tháillí na Stiúrthóirí agus ar a dtinreamh ar Chruinnithe Boird sa tréimhse faoi athbhreithniú:

| | Board | Audit & Risk Committee | Fees 2021 (€) | Expenses 2021 (€) |
|---|---|---|---|---|
| **Number of Meetings** | **15** | **5** | | |
| Mr. M. Walsh | 1 | | 2,136 | - |
| Mr. J. Mullins | 2 | | 3,420 | - |
| Mr. E.McGettigan | 15 | | | - |
| Mr. D. Browne | 15 | 5 | 12,600 | 7 |
| Mr. N. Cregan | 13 | 5 | 10,605 | - |
| Ms. G. Keating | 14 | | 12,600 | - |
| Mr. D. McEvoy | 1 | | 1,225 | - |
| Ms. J. McGrath | 3 | | 3,150 | 287 |
| Mr. P. Smith | 13 | 5 | 11,130 | - |
| Mr. F. Synott | 14 | | 12,600 | - |
| | | | 69,466 | 294 |

## Leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí i scaireanna

Ní raibh aon leas i scaireanna na cuideachta ag na stiúrthóirí agus ag an rúnaí a bhí i mbun oifige an 31 Nollaig 2021.

## Rialachas Corparáideach

Comhlíonann Cuideachta Phort Chorcaí prionsabail an rialachais chorparáidigh a bhfuil achoimre orthu sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chuir an Chuideachta i bhfeidhm prionsabail na dea-rialachais chorparáidigh agus Treoirlínte an Rialtais le haghaidh Comhlachtaí Stáit. Comhlíonann an chuideachta gach moladh a measann an chuideachta é a bheith infheidhme maidir le cuideachta faoi úinéireacht stáit.

## Cruinnithe Boird

Cúig chruinniú dhéag a bhí ag an mBord le linn na bliana airgeadais.

## Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Ní dheachaigh aon teagmhais shuntasacha i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na tréimhse airgeadais ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.



Tuarascáil na Stiúrthóirí


## Coistí agus dualgais eile an Bhoird

Feidhmíonn gach Coiste den Bhoird faoi théarmaí tagartha sonracha.

Ba iad an tUasal N. Cregan (Cathaoirleach), an tUasal D. Browne agus an tUasal P. Smith comhaltaí an **Choiste Iniúchóireachta & Riosca** in 2021. Cúig chruinniú a bhí ag an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca in 2021.

Ba iad an tUasal M. Walsh agus J. McGrath, Uasal, comhaltaí an **Choiste Luacha Saothair.** Tháinig comhaltaí an Choiste Luacha Saothair le chéile chun déileáil le luach saothair agus conradh an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de Threoirlínte an Rialtais.

Ba iad an tUasal E. McGettigan agus an tUasal N. Cregan **iontaobhaithe** Chiste Aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí in 2021.




## Rialuithe Inmheánacha agus Iniúchadh Inmheánach

Is ar na Stiúrthóirí atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córais rialaithe inmheánaigh na cuideachta agus maidir le hathbhreithniú ar a n éifeachtacht. Ceaptar na córais sin lena chinntiú go ndéantar idirbhearta i gcomhréir le húdarú na bainistíochta go nglactar céimeanna réasúnta chun sócmhainní a chosaint agus chun calaois a chosc, agus go ndéantar taifid airgeadais iomchuí a choinneáil. Ceaptar na córais sin chun riosca a bhainistiú agus is iontaofacht réasúnta, seachas dearbh-iontaofacht, a sholáthraítear leo nach ann d'earráid ábhartha.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar:

- Cuireadh ar bun freagrachtaí bainistíochta atá sonraithe go soiléir ar fud na cuideachta, agus fuarthas seirbhísí pearsanra oilte agus roinneadh dualgais orthu mar is iomchuí;
- Tá próiseas buiséadaithe foirmiúil i bhfeidhm, agus faomhann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord an buiséad bliantúil ag deireadh an phróisis sin;
- Tugtar tuairisc don Bhord ar an bhfeidhmíocht iarbhír i gcoinne an bhuiséid ar bhonn míosúil;
- Tá an bhainistíocht ar gach leibhéal freagrach as an rialú inmheánach ar a feidhm ghnó;
- Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an bhainistíocht nuashonrú agus monatóireacht ar na nósanna imeachta rialaithe inmheánacha agus déanann iniúchóir inmheánach neamhspleách – Grant Thornton – iniúchadh orthu; agus
- Nósanna imeachta sainithe chun breithmheas, athbhreithniú agus rialú a dhéanamh ar chaiteachas caipitiúil.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## Rialuithe Inmheánacha agus Iniúchadh Inmheánach

Rinne Grant Thornton, Cuntasóirí Cairte, iniúchadh inmheánach neamhspleách ar an gcuideachta in 2021, agus cinneadh ann go raibh rialuithe inmheánacha na cuideachta agus a córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go sásúil.

Aithníonn na stiúrthóirí gurb iad atá freagrach as comhlíonadh na cuideachta lena hoibleagáidí ábhartha a urrú, agus deimhníonn siad gur tugadh chun críche na cúrsaí seo a leanas:

(a) Dréachtaíodh "ráiteas ar an mbeartas comhlíonta" ina leagtar amach beartais na cuideachta (atá iomchuí don chuideachta i dtuairim na stiúrthóirí) lena n urramaítear go gcomhlíonann an chuideachta a hoibleagáidí ábhartha;

(b) Cuireadh i bhfeidhm socruithe nó struchtúir iomchuí atá, i dtuairim na stiúrthóirí, deartha le go n urramaítear leo go gcomhlíonfaidh an chuideachta a hoibleagáidí ábhartha ar bhonn ábhartha (.i. soláthraítear leis na socruithe nó na struchtúir dearbhú réasúnta gur chomhlíon an chuideachta i ngach gné ábhartha); agus

(c) Rinneadh athbhreithniú le linn na bliana airgeadais ar aon socrú nó struchtúr atá curtha i bhfeidhm..

## Gnóthas Leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mar tá na stiúrthóirí sásta go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag Cuideachta Phort Chorcaí chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó don tréimhse amach romhainn.


## Cuspóirí agus beartais bainistíochta rioscaí airgeadais

Bíonn an chuideachta neamhchosanta ar roinnt rioscaí airgeadais, lena n áirítear riosca creidmheasa, riosca sreabhadh airgid agus riosca leachtachta, mar thoradh ar a gníomhaíochtaí.  Tá úsáid ionstraimí airgeadais faoi rialú ag beartais na cuideachta atá faofa ag an mbord stiúrthóirí, agus tá prionsabail i scríbhinn iontu maidir le húsáid ionstraimí airgeadais chun na rioscaí sin a bhainistiú.

## Riosca sreabhadh airgid

Mar thoradh ar a gníomhaíochtaí, bíonn an chuideachta nochta go príomha do rioscaí airgeadais i rátaí malairte airgeadra eachtraigh agus i rátaí úis.

Coinnítear sócmhainní úsmhara ar ráta seasta chun cinnteacht na sreafaí airgid a chinntiú. Coinnítear dliteanais úsmhara ar rátaí comhlúthacha agus seasta araon.



## Riosca creidmheasa

Is iad iarmhéideanna bainc, iasachtaí agus airgead tirim, infháltais trádála agus infháltais eile, agus infheistíochtaí na príomhshócmhainní airgeadais atá ag an gcuideachta.

Is lena trádáil infhála go príomha a bhaineann riosca creidmheasa na cuideachta.  Ná suimeanna atá léirithe sa chlár comhardaithe, ní áirítear leo lamháltais i gcás fiacha amhrasacha.  Déantar lamháltas le haghaidh lagú i gcás teagmhas caillteanais sainaitheanta ar fianaise é, bunaithe ar thaithí roimhe sin, ar laghdú ar in-aisghabhálacht na sreafaí airgid.

Is teoranta atá an riosca creidmheasa ar chistí leachtacha mar is bainc iad na contrapháirtithe a bhfuil rátálacha arda creidmheasa acu atá sannta ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta rátála creidmheasa.

Níl aon chomhchruinniú mór riosca creidmheasa ag an gcuideachta, agus tá an nochtadh scaipthe ar líon mór contrapháirtithe agus custaiméirí.

## Riosca leachtachta

Baineann an chuideachta úsáid as meascán de mhaoiniú fiachais fadtéarmach agus gearrthéarmach chun leachtacht a choinneáil lena chinntiú go mbíonn cistí leordhóthanacha ar fáil le haghaidh oibríochtaí leanúnacha agus forbairtí amach anseo.

## Síntiúis pholaitíochta

Ní dhearna an chuideachta aon síntiús polaitíochta le linn na bliana airgeadais.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Is é beartas na cuideachta gach creidiúnaí a íoc i gcomhréir le téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997.  Ar an gcaoi sin, tugtar iontaofacht réasúnta go gcomhlíontar téarmaí an Achta i gcónaí.  Chomhlíon an chuideachta téarmaí an Achta i rith 2020 agus ní raibh aon ghá íocaíochtaí úis a dhéanamh.

## Leas na bhfostaithe

Is é beartas na cuideachta sláinte agus leas na bhfostaithe a chinntiú trí áit shábháilte agus córas sábháilte oibre a chothabháil. Tá an beartas sin bunaithe ar cheanglais na reachtaíochta fostaíochta agus na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta agus ar dhianchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tá an chuideachta creidiúnaithe faoi OHSAS18001.



## Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú:

Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

***I. I. Costais chomhairleoireachta***
Cuimsítear le costais chomhairleoireachta an costas ar chomhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní chuimsítear leis feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a chuirtear amach ar conradh.

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 77,465 | 268,410 |
| Comhairle airgeadais / achtúireach | 212,066 | 382,104 |
| Caidreamh poiblí / margaíocht | 1,779 | 7,600 |
| Acmhainní daonna | - | 77,402 |
| Feabhsú an ghnó | - | - |
| Eile | 1,331,390 | 1,987,091 |
| Costais chomhairleoireachta iomlána | 1,622,700 | 2,722,607 |
| Costais chomhairleoireachta chaipitlithe | 1,102,663 | 1,879,295 |
| Comhairleoireacht a chuirtear de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim | 520,037 | 843,312 |
| Iomlán | 1,622,700 | 2,722,607 |

Tagraítear leis na costais chaipitlithe do thacaíochtaí riachtanacha don fhorbairt ag Rinn an Scidígh, agus d'fhorbairtí sócmhainne eile.



Tuarascáil
na Stiúrthóirí

***II. Caiteachas taistil agus cothaithe***
Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a aicmiú mar seo a leanas

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Intíre | | |
| *Bord* | - | - |
| *Fostaithe* | 3,000 | 2,000 |
| Idirnáisiúnta | | |
| *Bord* | - | - |
| *Fostaithe* | 2,395 | 15,393 |
| Iomlán | 5,395 | 17,393 |



### *III. Caiteachas fáilteachais*

Cuimsítear na nithe seo a leanas sa Ráiteas Ioncaim:

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas don fhoireann | 83,281 | 82,500 |
| Fáilteachas do chliaint | - | - |
| Iomlán | 83,281 | 82,500 |

### *IV. Luach saothair*

| (a) Sochair fostaithe chomhiomlána | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 10,715 | 10,210 |
| Sochair foirceanta | - | 118 |
| Costas sochar scoir* | 1,842 | 1,750 |
| Ranníocaíocht an fhostóra leis an leas sóisialach | 2,019 | 1,086 |
| | 14,576 | 13,164 |

Ba é 164 (2020: 155) an líon iomlán fostaithe (coibhéis lánaimseartha).

*Méideanna a íocadh atá sna costais sochar scoir a nochtar agus ní chuimsítear leo an coigeartú FRS102 i leith scéimeanna pinsin le sochar sainithe. Cuirtear an coigeartú FRS102 sin san áireamh leis na sochair scoir a nochtar i nóta 9.

| (b) Sochair ghearrthéarmacha foirne | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 9,591 | 8,933 |
| Ragobair | 1,124 | 1,277 |
| | 10,715 | 10,210 |



Tuarascáil na Stiúrthóirí

**(c) Príomhphearsanra bainistíochta**

Is iad seo a leanas príomhphearsanra bainistíochta Chuideachta Phort Chorcaí in 2021: an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí na Cuideachta, Máistir an Chuain agus Ceannasaí na nOibríochtaí, an Príomhoifigeach Tráchtála, Bainisteoir Innealtóireachta an Phoirt, agus Ceannasaí na nAcmhainní Daonna. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe lena n áirítear ranníocaíocht pinsin agus carranna cuideachta le haghaidh an phríomhphearsanra bainistíochta:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 1,132 | 1,237 |
| Liúntais | 18 | 12 |
| Árachas sláinte | 14 | 6 |
| | 1,164 | 1,255 |

**(d) Tuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Nochtar tuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i nóta 9 leis na Ráitis Airgeadais.

### V. Sochair ghearrthéarmacha

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €50,000 a aicmiú sna bandaí seo a leanas:

| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe € | 2021 Líon na bhfostaithe sa bhanda | 2020 Líon na bhfostaithe sa bhanda |
|---|---|---|
| 50,000 - 74,999 | 68 | 69 |
| 75,000 - 99,999 | 40 | 30 |
| 100,000 - 124,999 | 5 | 3 |
| 125,000 - 149,999 | 0 | 0 |
| 150,000 – 174,999 | 4 | 3 |
| 175,000 - 199,999 | 2 | 3 |


**Nóta:** Chun críocha an nochta seo, cuimsítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh sa tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ach ní chuimsítear ÁSPC an fhostóra leo.

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí

**VI. Costais dhlíthiúla agus socruithe**

Tá miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dhlíthiúla, socruithe, agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána maidir le conarthaí le tríú páirtithe.  Ní chuimsítear leis caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a fuair Cuideachta Phort Chorcaí agus a nochtar faoi chostais chomhairleachta thuas.

| Costais dhlíthiúla agus socruithe | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | - | - |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | 391,861 | 51,546 |
| Socruithe | - | - |
| Iomlán | 391,861 | 51,546 |



Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí

## Taifid chuntasaíochta

Lena áirithiú go gcomhlíontar ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir le taifid chuntasaíochta a choimeád, tá daoine atá cáilithe go cuí sa chuntasaíocht fostaithe ag na stiúrthóirí agus tá córais chuí cuntasaíochta ríomhairithe coimeádta acu.  Coimeádtar taifid chuntasaíochta na cuideachta in oifig chláraithe na cuideachta ag Cuideachta Phort Chorcaí, Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Duga agus Eastát Tionsclaíoch Tivoli, Corcaigh T32 YNT9.

## Iniúchóir

Leanann an t iniúchóir, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla, i mbun oifige i gcomhréir le hAlt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Chomh fada agus is eol do gach stiúrthóir a bhí in oifig ar dháta faofa na ráiteas airgeadais:

- Níl ann d'aon fhaisnéis ábhartha don iniúchadh nach bhfuil ar eolas ag iniúchóirí na cuideachta; agus
- Tá gach beart glactha ag na stiúrthóirí ar cheart dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas ar aon fhaisnéis ábhartha don iniúchadh agus le déanamh cinnte go bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas ag iniúchóirí na cuideachta.

De réir fhorálacha Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, a thugtar an deimhniú sin, agus is dá réir is ceart an dearbhú a thuiscint.

Ghlac an Bord Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais an 28, Márta 2022

agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:

**Michael Walsh**,
*Cathaoirleach / Stiúrthóir*

**Eoin McGettigan**,
*Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir*

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí

**Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014..**

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn go n ullmhódh na stiúrthóirí ráitis airgeadais i gcás gach bliana airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102 The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland atá foilsithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). De réir dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go bhfuil léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta ag dáta dheireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go gcloíonn na ráitis le hAcht na gCuideachtaí, 2014, ar gach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n ullmhú, ní mór do na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa agus iad a chur i bhfeidhm ansin i slí sheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a shonrú gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a ainmniú, agus an éifeacht agus na cúiseanna a bhaineann le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a shonrú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go gcoimeádann an chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha, nó go gcuirfidh sí faoi deara na taifid sin a choimeád, ina mínítear agus ina gcoinnítear taifead ar idirbhearta na cuideachta i gceart, lena gcuirtear ar chumas sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais, agus brabús nó caillteanas na cuideachta a dhearbhú go réasúnta cruinn tráth ar bith, lena gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí, 2014, agus lena gcuirtear ar chumas iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

D'fhéadfaí nach ionann an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais a fhoilsítear ar láithreán gréasáin na cuideachta.

Thar ceann an Bhoird:

**Michael Walsh**,
*Cathaoirleach / Stiúrthóir*

**Eoin McGettigan**,
*Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir*



# Tuarascáil ón iniúchóir neamhspleách chuig comhaltaí chuideachta phort chorcaí

## Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais Chuideachta Phort Chorcaí ('an chuideachta')

Is é ár dtuairim:

- go bhfuil léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2021 agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an chreata ábhartha um thuairisciú airgeadais agus, go háirithe, de réir na gceanglas in Acht na gCuideachtaí, 2014.

Cuimsítear na nithe seo a leanas sna ráitis airgeadais ar a ndearnamar iniúchadh:

ráitis airgeadais an ghrúpa:

- an cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais;
- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach;
- an ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais;
- an ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid;
- an ráiteas comhdhlúite ar athruithe sa chothromas; agus
- nótaí ábhartha 1 go 25, lena n áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

ráitis airgeadais na máthairchuideachta:

- an ráiteas ar staid airgeadais na cuideachta;
- nótaí ábhartha 1 go 25, lena n áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

Is iad Acht na gCuideachtaí, 2014, agus FRS 102 *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland* atá foilsithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais") an creat ábhartha um thuairisciú airgeadais atá curtha i bhfeidhm in ullmhú ráitis airgeadais an ghrúpa.

# Tuarascáil ón iniúchóir neamhspleách chuig comhaltaí chuideachta phort chorcaí

## Bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n iniúchadh a stiúradh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (in Éirinn) agus de réir an dlí atá infheidhme. Tugtar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid “Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais” den tuarascáil seo thíos.

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta de réir na gceanglas eiticiúil atá ábhartha dár n iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n áirítear an Caighdeán Eitice atá foilsithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor agus gurb iomchuí an fhianaise a fuaireamar ón iniúchadh chun bonn a chur ar fáil lenár dtuairim.

## Conclúidí maidir leis an ngnóthas leantach

Tar éis dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, chinneamar gurb iomchuí do na stiúrthóirí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó dálaí a d’fhéadfadh, ina n aonar nó le chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa nó na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n eisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i leith an ghnóthais leantaigh le fáil sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.






# Tuarascáil ón iniúchóir neamhspleách chuig comhaltaí chuideachta phort chorcaí

## Faisnéis eile

Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúchóra orthu sin. Na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil. Ní chuimsítear lenár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa chás ina sonraítear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní thugaimid conclúid iontaofachta d’aon chineál ina leith sin.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, ar an gcaoi sin, féachaint an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh nó an ndéantar míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis ar bhealach eile. Más rud é go n aithnímid neamhréireachtaí ábhartha nó míráitis ábhartha dhealraitheacha den sórt sin, bíonn orainn a dhearbhú cibé acu an é sna ráitis airgeadais nó san fhaisnéis eile atá an míráiteas ábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go measaimid go bhfuil míráiteas ábhartha déanta eile ar an bhfaisnéis eile sin, bíonn orainn é sin a thuairisciú.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis sin.

## Freagrachtaí na stiúrthóirí

Faoi mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go bhfuil léargas fírinneach cóir iontu agus go gcloíonn siad le hAcht na gCuideachtaí, 2014, ar gach bealach eile, agus as an rialú inmheánach sin a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, de dheasca calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n ullmhú, tá freagracht ar na stiúrthóirí as cumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint mar ghnóthas leantach a mheas, nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh faoi mar is iomchuí, agus bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an grúpa agus an mháthairchuideachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil de rogha eile acu ach é sin a dhéanamh.



# Tuarascáil ón iniúchóir neamhspleách chuig comhaltaí chuideachta phort chorcaí

## Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn iontaofacht réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, de dheasca calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina gcuimsítear ár dtuairim. Leibhéal ard iontaofachta is ea iontaofacht réasúnta, ach ní dheimhnítear léi go mbraithfear míráiteas ábhartha, más ann dó, i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (in Éirinn). D'fhéadfadh calaois nó earráid a bheith ina gcúis le míráitis agus meastar mar a bheith ábhartha iad más rud é go bhféadfaí a mheas go réasúnta go bhféadfaidís, astu féin nó ar an iomlán, dul i gcion ar chinntí eacnamaíochta a ghlacann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.




Tuarascáil ón iniúchóir neamhspleách chuig comhaltaí chuideachta phort chorcaí

Mar chuid d'iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (in Éirinn), bainimid leas as ár mbreithiúnas gairmiúil agus bíonn sceipteachas gairmiúil i bhfeidhm ó thús deireadh an iniúchta. Ina theannta sin:

- Déanaimid na rioscaí de mhíráiteas ábhartha de na ráitis airgeadais, de dheasca calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheas, déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin, agus faighimid fianaise ón iniúchadh atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur ar fáil lenár dtuairim. Is mó an riosca a bhaineann le míráiteas ábhartha de bharr calaoise a ligean gan bhrath ná míráiteas ábhartha de dheasca earráide, mar d'fhéadfaí a chuimsiú le calaois claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach.
- Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní dhéantar é sin chun tuairim a léiriú ar a éifeachtaí atá rialú inmheánach an ghrúpa agus na máthairchuideachta.
- Déanaimid measúnú ar oiriúnacht na mbeart cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara a dhéanann na stiúrthóirí.
- Conclúid a léiriú ar a oiriúnaí atá sé do na stiúrthóirí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise a fhaightear san iniúchadh, a léiriú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ann do neamhchinnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint d'fheidhmiú mar ghnóthas leantach. Más rud é go measaimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá ceanglas orainn sa tuarascáil iniúchóra aird a tharraingt ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más rud é nach leor na nochtuithe sin, ár dtuairim a athrú. Bíonn ár gconclúid bunaithe ar an bhfianaise ón iniúchadh a fhaighimid suas go dáta na tuarascála iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh an t-eintiteas (nó an grúpa, más ábhartha) scor d'fheidhmiú mar ghnóthas leantach de dheasca imeachtaí nó cúinsí amach anseo.
- Measúnú a dhéanamh ar chur i láthair agus struchtúr na ráiteas airgeadais agus ar a bhfuil iontu, lena n áirítear na nochtuithe, agus ar cibé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí is bun leo ar bhealach cóir cothrom.
- Fianaise iniúchóireachta iomchuí leordhóthanach a fháil maidir le faisnéis airgeadais ar na gníomhaíochtaí gnó laistigh den ghrúpa chun tuairim a léiriú ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Is é an grúpiniúchóir atá freagrach as an ngrúpiniúchadh a stiúradh, a mhaoirsiú agus a fheidhmiú. Is é an grúpiniúchóir, agus é sin amháin, a bheidh freagrach as an tuairim iniúchóra.

Bímid i dteagmháil leo siúd a bhfuil dualgas riaracháin orthu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, i measc nithe eile, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchta.

# Tuarascáil ón iniúchóir neamhspleách chuig comhaltaí chuideachta phort chorcaí

## Tuarascáil ar cheanglais dlí agus rialúcháin eile. Tuairim ar nithe eile atá forordaithe le hAcht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe ar an obair a rinneamar i rith an iniúchta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscímid na nithe seo a leanas:

- Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad, a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n iniúchta, faighte againn.
- Dar linn, bhí taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta leordhóthanach chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh agus go cuí.
- Tá clár comhardaithe na máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Ábhair a bhfuil ceangal orainn tuairisciú ina leith go heisceachtúil

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint a fuaireamar ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta agus ar a timpeallacht i rith an iniúchta, níor aithníomar aon mhíráiteas ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí, 2014, lena gcuirtear ceangal orainn a chur in iúl más rud é, inár dtuairim, nach ndearnadh na nochtuithe ar luach saothair na stiúrthóirí agus ar na hidirbhearta atá sonraithe sa dlí.

Maidir leis an ráiteas faoin gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá de dhíth faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí, déanaimid athbhreithniú ar cé acu a léirítear nó nach léirítear leis comhlíonadh na Cuideachta i dtaca le halt 13.1(iii) den chód agus ar cé acu atá nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár n obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, agus tugaimid tuairisc más rud é nach amhlaidh atá. Níl ceangal orainn athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu a chuimsítear nó nach gcuimsítear le ráitis an Bhoird ar an rialú inmheánach na rioscaí agus na rialuithe go léir, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht nósanna imeachta na Cuideachta maidir le rialachas corparáideach ná a nósanna imeachta maidir le rioscaí agus rialú.

## Úsáid ár dtuarascála

Tá an tuarascáil seo ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Thugamar faoin obair iniúchta ionas go mbeimid in ann na saincheisteanna a bhfuil sé mar dhualgas orainn a lua le comhaltaí na cuideachta a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Ní ghlacaimid freagracht ná ní bheimid freagrach d'aon duine eile seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as an obair iniúchta, chomh fada agus a cheadaíonn an dlí dúinn, i gcás na tuarascála seo, nó i gcás na dtuairimí atá bunaithe againn.

Honor Moore
*Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP*
*Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht*
*Iniúchóireachta Reachtúla*
*6 Cé an Lapaigh, Corcaigh*

Dáta: *01 Aibreán 2022*



# CUNTAS COMHDHLÚITE BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

## Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Láimhdeachas – oibríochtaí leanúnacha** | (3) | 39,832,650 | 33,749,682 |
| Costas díolachán | (4) | (22,444,558) | (19,337,699) |
| **Brabús comhlán** | | 17,388,092 | 14,411,983 |
| Riarachán agus caiteachas ginearálta | (5) | (9,608,608) | (8,306,600) |
| **Operating Profit – continuing operations** | | 7,779,484 | 6,105,383 |
| Diúscairt sócmhainní seasta – brabús | (6) | 4,183,765 | 5,415 |
| Sciar chaillteanas na Cuideachta Comhlachaithe | (13) | (61,446) | (91,840) |
| Costais airgeadais (glanchostais) | (7) | (818,354) | (734,195) |
| **Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | (8) | 11,083,449 | 5,284,763 |
| Cáin | (10) | (1,125,105) | (611,154) |
| **Brabús don bhliain airgeadais inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais na cuideachta** | | 9,958,344 | 4,673,609 |

# RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH

### Ráiteas comhdhlúite Ar ioncam cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021

| | Notaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | 9,958,344 | 4,673,609 |
| Gnóthachan achtúireach aitheanta ar scéimeanna pinsin | (21) | 2,135,000 | 1,573,000 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach aitheanta ar Dhliteanas Chiste Aoisliúntais Phort Chorcaí | | 155,000 | (56,000) |
| Cáin iarchurtha a bhaineann le dliteanas achtúireach | | (328,874) | (292,250) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais na cuideachta** | | 11,919,470 | 5,898,359 |




# RÁITEAS COMHDHLÚITE AR AN STAID AIRGEADAIS

### Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais amhail ar an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 (€) | 2020 (€) |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta:** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | (11) | 166,716,371 | 156,470,821 |
| Sócmhainní airgeadais | (13) | 2,651,884 | 2,713,330 |
| | | 169,368,255 | 159,184,151 |
| **Sócmhainní reatha:** | | | |
| Stoic | | 512,724 | 415,383 |
| Féichiúnaithe | (14) | 11,477,586 | 7,884,467 |
| Airgead tirim agus cistí ar taisce | | 23,972,795 | 8,928,367 |
| | | 35,933,105 | 17,228,217 |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin) | (15) | (13,489,418) | (13,317,129) |
| Glansócmhainní reatha | | 22,443,687 | 3,911,088 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 191,811,942 | 163,095,239 |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna dlite tar éis bliain airgeadais amháin) | | | |
| Fiachas caipitil | (16) | 53,272,481 | 37,194,636 |
| Deontais chaipitil | (17) | 26,992,261 | 24,313,734 |
| Soláthar le haghaidh dliteanas | (18) | 6,701,572 | 8,660,711 |
| | | 86,966,314 | 70,169,081 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite a chuirtear i láthair mar chothromas | (19) | 22,518,722 | 22,518,722 |
| Cúlchiste comhshó caipitil | (20) | 267,320 | 267,320 |
| Cúlchiste caipitil | (20) | 989 | 989 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | (20) | 82,058,597 | 70,139,127 |
| **Ciste scairshealbhóirí** | | 104,845,628 | 92,926,158 |
| | | 191,811 ,942 | 163,095,239 |

Ba é €9,711,418 an brabús tar éis cánacha sa chuideachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021. Ghlac an Bord Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais an 28, Márta 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:

**Michael Walsh,**
*Cathaoirleach / Stiúrthóir*

**Eoin McGettigan,**
*Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir*

# RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS NA CUIDEACHTA

### Ráiteas ar staid airgeadais na cuideachtaamhail ar an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 (€) | 2020 (€) |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta:** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | (11) | 162,689,983 | 152,444,433 |
| Sócmhainní airgeadais | (13) | 6,592,985 | 6,592,985 |
| | | 169,282,968 | 159,037,418 |
| **Sócmhainní reatha:** | | | |
| Stoic | | 512,724 | 415,383 |
| Féichiúnaithe | (14) | 11,504,710 | 8,408,236 |
| Airgead tirim agus cistí ar taisce | | 23,528,946 | 8,498,283 |
| | | 35,546,380 | 17,321,902 |
| | | | |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna dlitelaistigh de bhliain airgeadais amháin) | (15) | (13,040,202) | (13,039,952) |
| Glansócmhainní reatha | | 22,506,178 | 4,281,950 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 191,789,146 | 163,319,368 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna dlite tar éis bliain airgeadais amháin) | | | |
| Fiachas caipitil | (16) | 53,272,481 | 37,194,636 |
| Deontais chaipitil | (17) | 26,992,261 | 24,313,734 |
| Soláthar le haghaidh dliteanas | (18) | 6,701,573 | 8,660,711 |
| | | 86,966,315 | 70,169,081 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite a chuirtear i láthair mar chothromas | (19) | 22,518,722 | 22,518,722 |
| Cúlchiste comhshó caipitil | (20) | 267,320 | 267,320 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | (20) | 82,036,789 | 70,364,245 |
| **Ciste scairshealbhóirí** | | 104,822,831 | 93,150,287 |
| | | 191,789,146 | 163,319,368 |

Ghlac an Bord Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais 28, Márta 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:

**Michael Walsh,**
*Cathaoirleach / Stiúrthóir*

**Eoin McGettigan,**
*Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir*



# RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI SHREABHADH AIRGID

### Ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 (€) | 2020 (€) |
|---|---|---|---|
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | | 11,083,449 | 5,284,763 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | (4,183,765) | (5,415) |
| Sciar chaillteanas na Cuideachta Comhlachaithe | | 61,446 | 91,840 |
| Costais airgeadais (glanchostais) | | 818,354 | 734,195 |
| Dímheas lúide deontais scaoilte | | 3,824,908 | 3,996,431 |
| Méadú ar stoic | | (97,341) | (1,098) |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | | (2,874,610) | 853,193 |
| (Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe | | (972,981) | 654,903 |
| Cáin a íocadh | | (1,470,626) | (263,684) |
| | | | |
| Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 6,188,834 | 11,345,128 |
| | | | |
| **Gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta | | (16,842,289) | (29,937,732) |
| Deontais a fuarthas | | 3,542,356 | 803,789 |
| Fáltais ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 6,091,766 | 45,000 |
| | | | |
| Glan-eis-sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | (7,208,167) | (29,088,943) |
| | | | |
| **Maoiniú** | | | |
| Fáil iasachtaí | | 16,830,115 | 13,581,942 |
| Ús a íocadh | | (766,354) | (639,195) |
| | | | |
| Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin | | 16,063,761 | 12,942,747 |
| | | | |
| **Méadú / (Laghdú) ar airgead tirim** | | 15,044,428 | (4,801,068) |
| | | | |
| Iarmhéid airgid tosaigh | | 8,928,367 | 13,729,435 |
| | | | |
| Iarmhéid airgid deiridh | | 23,972,795 | 8,928,367 |

# RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE SA CHOTHROMAS

## Ráiteas comhdhlúite ar athruithe sa chothromas
## (don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021)

| | 2021 | 2021 | 2020 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | Grúpa | Cuideachta | Grúpa | Cuideachta |
| | € | € | € | € |
| Brabús don bhliain airgeadais | 9,958,344 | 9,711,418 | 4,673,609 | 4,822,545 |
| Gnóthachan achtúireach aitheanta ar scéimeanna pinsin | 2,135,000 | 2,135,000 | 1,573,000 | 1,573,000 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach aitheanta ar Dhliteanas Chiste Aoisliúntais Phort Chorcaí | 155,000 | 155,000 | (56,000) | (56,000) |
| Cáin iarchurtha a bhaineann le dliteanas achtúireach | (328,874) | (328,874) | (292,250) | (292,250) |
| Méadú ar chiste scairshealbhóirí | 11,919,470 | 11,672,544 | 5,898,359 | 6,047,295 |
| Cistí scairshealbhóirí tosaigh | 92,926,158 | 93,150,287 | 87,027,799 | 87,102,992 |
| | | | | |
| Cistí scairshealbhóirí deiridh | 104,845,628 | 104,822,831 | 92,926,158 | 93,150,287 |




# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

## Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite
## (don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021)

### Nóta

**(1) Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta**

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha atá in úsáid ag an gcuideachta:

**Faisnéis Ghinearálta agus Bunús Cuntasaíochta**

Is cuideachta í Cuideachta Phort Chorcaí atá corpraithe in Éirinn faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Is é Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Duga agus Eastát Tionsclaíochta Tivoli, Corcaigh, T23 YNT9 seoladh na hoifige cláraithe agus is é 262368 uimhir chláraithe na cuideachta. Tá nádúr oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí leagtha amach i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 2 go 11.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, Chaighdeán 102 um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102) atá foilsithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Meastar gurb é an euro airgeadra feidhmiúil Chuideachta Phort Chorcaí mar is é an euro airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina mbíonn an chuideachta ag feidhmiú.

Is ráitis airgeadais chomhdhlúite iad na ráitis airgeadais seo.

**Bunús comhdhlúthaithe:**

TComhdhlúthaítear leis na ráitis airgeadais seo ráitis airgeadais na cuideachta agus a fochuideachtaí don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

**Láimhdeachas:**

Cuimsítear leis seo ioncam ó tháillí a ghearrtar ar úsáideoirí an phoirt agus ó réadmhaoin a chuirtear amach ar cíos. Aithnítear táillí ar úsáideoirí an phoirt mar ioncam i gcás ina gcuirtear an soláthar seirbhísí i gcrích. Aithnítear ioncam ó chíos sa tréimhse lena mbaineann sé.

**Sócmhainní seasta agus dímheas:**

Rinneadh athluacháil ar shócmhainní seasta Choimisinéirí Chuan Chorcaí an 2 Márta 1997 tar éis comhairliúcháin le hAire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Aistríodh na sócmhainní athluacháilte chuig Cuideachta Phort Chorcaí ar an lá dílsithe, an 3 Márta 1997, faoin Acht Cuanta, 1996, mar chomaoin ar scaireanna a eisíodh d'Aire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus don Aire Airgeadais. Saineolaithe luachála neamhspleácha, monaróirí saininnealra agus foireann ghairmiúil na cuideachta féin a rinne an luacháil ar shócmhainní.

Cuimsítear le costas sócmhainní seasta oibriúcháin an praghas ceannaigh ar thalamh, foirgnimh, forbairtí láithreáin agus bóithre, céanna, dreidireacht chaipitiúil, pontúin, craenacha, castainní, crocháin, árthaí ar snámh, mótarfheithiclí agus innealra agus trealamh eile. Cuimsítear le costas stairiúil caiteachas tógála agus suiteála i gcás inar tabhaíodh a leithéid. Is é beartas Chuideachta Phort Chorcaí cuid de na forchostais ábhartha a leithdháileadh ar chostas na n oibreacha caipitiúla.

Is é beartas na cuideachta gan tionscadal a dhímheas i gcás ina bhfuil an tógáil ar siúl. Ní dhéantar tionscadail a dhímheas go dtí go mbeidh siad críochnaithe agus an tsócmhainn in úsáid.

Ní dhéantar aon soláthar do dhímheas talún. Déantar sócmhainní seasta oibriúcháin eile a dhímheas le modh an mhéid chothroim de réir a saolré ionchais measta mar a leanas:

| | Years |
|---|---|
| Foirgnimh, céanna | 20-50 |
| Forbairt láithreáin, bóithre, srl. | 10-20 |
| Dreidireacht chaipitiúil | 25 |
| Pontúin | 20 |
| Craenacha, castainní, crocháin | 10-20 |
| Árthaí ar snámh – soithí | 15-25 |
| Mótarfheithiclí | 4 |
| Caiteachas TF | 3-10 |
| Innealra agus trealamh eile | 5-20 |

**Sócmhainní oidhreachta:**

Tá bailiúchán pictiúr, lena gcuimsítear sceitsí agus grianghraif, ag an gcuideachta agus tugtar tuairisc orthu sin ar a gcostas sa ráiteas ar an staid airgeadais. Meastar go bhfuil saolré neamhchinntithe agus luach iarmharach ard ag baint leis na pictiúir sin, mar sin ní mheasann an chuideachta gurb iomchuí dímheas a ghearradh.

**Deontais agus ranníocaíochtaí i leith costais sócmhainní seasta inláimhsithe:**

Maidir le deontais agus ranníocaíochtaí ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Comhtháthaithe na hEorpa, TEN-T, CEF (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa) agus deontais agus ranníocaíochtaí eile le costais sócmhainní seasta inláimhsithe, léirítear iad ar leithligh ar an gclár comhardaithe mar chreidmheasanna iarchurtha, go dtí go n aistreofar iad chuig an ráiteas ioncaim ar an mbonn céanna is a dhímheastar na sócmhainní ábhartha.



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

**Airgeadra eachtrach:**

Maidir le hidirbhearta in airgeadra eachtrach, déantar iad a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm dáta an idirbhirt. Níorbh ann d'aon sócmhainn ná dliteanas airgeadaíochta in airgeadra eachtrach ag deireadh na bliana. Tugtar cuntas ar gach gnóthachan nó caillteanas sa ráiteas ioncaim sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn.

**Stoic:**

Déantar stóir agus ábhair a luacháil ar a gcostas agus gearrtar muirear orthu de réir an chostais sin. Déantar míreanna sa stoc a dhíscríobh nuair a choimeádtar iad ar feadh breis is 3 bliana.

**Infheistíochtaí:**

Luaitear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcuideachtaí comhlachaithe ar a gcostas lúide soláthar do lagú.

**Léasanna:**

I gcás ina maoinítear sócmhainní inláimhsithe le comhaontuithe léasa faoina dtugtar cearta atá cosúil le húinéireacht ("léasanna airgeadais"), caitear leo amhail is a ceannaíodh iad glan amach ar luach reatha na n íosíocaíochtaí léasa agus léirítear na dliteanais léasa chomhfhreagracha sa ráiteas ar an staid airgeadais mar oibleagáidí léasa airgeadais.

Ríomhtar an dímheas ar shócmhainní léasaithe de réir mhodh an mhéid chothroim thar shaolré ionchais na sócmhainní aonair. Déantar ús a thabhaítear ar léasanna airgeadais a chur de mhuirear ar an ráiteas ioncaim i gcomhréir leis na méideanna atá gan íoc faoi na léasanna.

Déantar íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin a chaitheamh de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

**Lagú sócmhainní**

Déantar measúnú ar shócmhainní le haghaidh táscairí maidir le lagú ag dáta gach cláir chomhardaithe. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas mar a thuairiscítear thíos.

**(a) Sócmhainní neamhairgeadais**

Déantar sócmhainn a lagú i gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil laghdú tagtha ar luach in-aisghabhála measta na sócmhainne go dtí faoi bhun a suime glanluacha mar thoradh ar aon teagmhas amháin nó níos mó a tharla tar éis an aitheantais tosaigh. Is é is méid in-aisghabhála sócmhainne ann a luach cóir lúide costais a bhaineann le díol nó a luach úsáide, cibé acu is ísle.

I gcás inarb ann do tháscairí maidir le laghdú ar chaillteanas lagaithe, déantar an caillteanas lagaithe roimhe sin a thástáil chun an t aisiompú a chinneadh. Aisiompaítear caillteanas lagaithe ar shócmhainn lagaithe aonair sa mhéid nach mbíonn mar thoradh ar an luach in-aisghabhála leasaithe luach leasaithe de réir na leabhar arb airde é ná an luach de réir na leabhar mura n aithneofaí aon lagú.

**(b) Sócmhainní airgeadais**

Más rud é, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, gurb ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithníonn an chuideachta caillteanas lagaithe láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas.

I gcás inarb ann do tháscairí maidir le laghdú ar chaillteanas lagaithe, agus i gcás inar féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis aithint an lagaithe, déantar an caillteanas lagaithe roimhe sin a thástáil chun an t aisiompú a chinneadh. Aisiompaítear caillteanas lagaithe ar shócmhainn airgeadais lagaithe aonair sa mhéid nach mbíonn mar thoradh ar an luach in-aisghabhála leasaithe luach leasaithe de réir na leabhar arb airde é ná an luach de réir na leabhar mura n aithneofaí aon lagú.





**Cáin**

Luaitear an cháin reatha de réir mhéideanna na cánach a bhfuiltear ag súil lena n íoc (nó lena n aisghabháil) leis na rátaí cánach agus na dlíthe a bhí achtaithe nó achtaithe sa tsubstaint ar dháta an ráitis ar an staid airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le gach difríochta uainiúcháin a tionscnaíodh nó nár aisiompaíodh ag dáta an chláir chomhardaithe i gcás inar tharla, ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais, idirbhearta nó teagmhais a bhfuil mar thoradh orthu oibleagáid cáin níos mó a íoc amach anseo nó ceart cáin níos lú a íoc amach anseo. Is éard is difríochtaí uainiúcháin ann difríochtaí idir brabús incháinithe na cuideachta agus a torthaí mar a shonraítear sna ráitis airgeadais a eascraíonn as gnóthachain agus caillteanais a chuimsiú i measúnuithe cánach i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí sin ina n aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin, ar bhonn na faisnéise go léir atá ar fáil, sa mhéid gur féidir glacadh leis gur dóichí ná a chéile go mbeidh brabús incháinithe oiriúnach ann óna bhféadfaí aisiompú amach anseo na mbundifríochtaí uainiúcháin a bhaint.

Maidir leis an tsuim is féidir a asbhaint chun críche cánach le haghaidh sócmhainne a aithnítear i gcomhcheangal gnó, i gcás inar lú (mó) an tsuim sin ná an luach ag a n aithnítear é, aithnítear dliteanas cánach iarchurtha (sócmhainn) le haghaidh na cánach breise a íocfar (a sheachnófar) i leith na difríochta sin. Ar an gcaoi chéanna, aithnítear sócmhainn (dliteanas) cánach iarchurtha le haghaidh na cánach breise a sheachnófar (a íocfar) mar thoradh ar dhifríocht idir an luach ag a n aithnítear dliteanas agus an tsuim ar a ndéanfar measúnú le haghaidh cánach.

Déantar an cháin iarchurtha a thomhas leis na rátaí cánach agus na dlíthe a bhí achtaithe nó achtaithe sa tsubstaint faoi dháta an ráitis ar an staid airgeadais a bhfuil súil go mbeidh feidhm acu maidir le haisiompú na difríochta uainiúcháin.

Maidir le míreanna a aithnítear san ioncam cuimsitheach eile nó sa chothromas, i gcás ina bhfuil siad inmhuirir nó in-asbhainte chun críocha cánach, cuirtear i láthair an costas cánach reatha nó iarchurtha nó an t ioncam sa ghné chéanna den ioncam cuimsitheach nó den chothromas leis an idirbheart nó leis an teagmhas eile ba chúis leis an costas cánach nó leis an ioncam.

Ní dhéantar sócmhainní cánach reatha agus dliteanais chánach reatha a fhritháireamh ach amháin i gcás inarb ann do cheart infheidhmithe le dlí chun na méideanna a fhritháireamh agus go bhfuil sé i gceist ag an gcuideachta socrú a dhéanamh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú go comhuaineach.

Ní dhéantar sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh ach amháin más rud é: a) go bhfuil ceart infheidhmithe le dlí ag an gcuideachta sócmhainní cánach reatha a fhritháireamh i gcoinne dliteanais chánach reatha; agus b) go mbaineann na sócmhainní cánach iarchurtha agus na dliteanais chánach iarchurtha le cánacha ioncaim arna ngearradh ag an údarás cánach céanna ar an gcuideachta agus go bhfuil sé beartaithe ag an gcuideachta dliteanais chánach

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

reatha agus sócmhainní cánach reatha a shocrú ar bhonn glan, nó na sócmhainní a réadú agus na dliteanais a shocrú go comhuaineach, i ngach tréimhse amach anseo ina mbeifear ag súil go ndéanfaí méideanna móra dliteanas cánach iarchurtha nó sócmhainní cánach iarchurtha a shocrú nó a aisghabháil.

**Costais scoir:**

Maidir le scéimeanna le sochar sainithe, is iad na méideanna a chuirtear de mhuirear ar an mbrabús oibriúcháin na costais a eascraíonn as seirbhísí fostaithe a soláthraíodh sa tréimhse agus an costas ar phleananna a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, socruithe, agus ciorrúcháin. Áirítear iad mar chuid de na costais foirne. Cuirtear an glanchostas úis ar an nglandliteanas sochair shainithe de mhuirear ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas agus áirítear é laistigh de na costais airgeadais. Aithnítear láithreach san ioncam cuimsitheach eile atomhas lena gcuimsítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha agus an toradh ar shócmhainní scéime (cé is moite de mhéideanna a chuimsítear sa ghlan-ús ar an nglandliteanas sochair shainithe).

Cistítear scéimeanna le sochar sainithe, agus coinnítear sócmhainní na scéime i gcistí ar leith atá á riar ag na hiontaobhaithe ar leithligh ó shócmhainní na cuideachta. Déantar sócmhainní scéime pinsin a thomhas ar a luach cóir agus déantar dliteanais a thomhas ar bhonn achtúireach le modh na n aonad réamh-mheasta creidmheasa. Faightear luachálacha achtúireacha gach trí bliana ar a laghad, agus nuashonraítear iad ar dháta gach cláir chomhardaithe.

Maidir le scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe, is iad na ranníocaíochtaí atá iníoctha sa bhliain na méideanna a ghearrtar don chuntas brabúis agus caillteanais i ndáil le costais phinsin agus sochair iarscoir eile. Is mar fabhruithe nó réamhíocaíochtaí ar an gclár comhardaithe a léirítear difríochtaí idir na ranníocaíochtaí atá iníoctha sa bhliain agus na ranníocaíochtaí a íoctar go hiarbhír.

Déantar sochair fhadtéarmacha eile fostaithe a thomhas ar luach láithreach na rogha sochair ar an dáta tuairiscithe.

**Ionstraimí Airgeadais:**

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais sa chás ina mbíonn an chuideachta ina páirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime.

Aicmítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir ábhar na socruithe conarthacha a dhéantar. Is é is ionstraim chothromais ann aon chonradh ina léirítear leas iarmharach i sócmhainní na cuideachta tar éis a dliteanais go léir a asbhaint.

*Sócmhainní agus dliteanais airgeadais*

Déantar na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais airgeadais ar fad a mheas de réir an phraghais idirbhirt (lena n áirítear costais idirbhirt) i dtosach, seachas na sócmhainní airgeadais sin a aicmítear mar a bheith ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, a dtomhaistear iad i dtosach ar a luach cóir (arb é an praghas idirbhirt gan costais idirbhirt san áireamh é go hiondúil), murab idirbheart maoiniúcháin atá sa socrú. I gcás inarb idirbheart maoiniúcháin atá sa socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais a mheas de réir luach láithreach na n íocaíochtaí amach anseo arna lascainiú ag ráta úis an mhargaidh le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil.

Ní dhéantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh sa ráiteas ar an staid airgeadais ach amháin i gcás inarb ann do cheart infheidhmithe le dlí chun na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil sé i gceist ag an gcuideachta socrú a dhéanamh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú go comhuaineach

Ní dhéantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint ach amháin (a) i gcás ina dtéann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó i gcás ina socraítear iad; (b) i gcás ina n aistríonn an chuideachta na rioscaí agus na sochair ar fad nach mór a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile; nó (c) i gcás ina bhfuil rialú na sócmhainne aistrithe ag an gcuideachta chuig páirtí eile, in ainneoin gur choimeád an chuideachta roinnt de na rioscaí suntasacha agus na sochair shuntasacha a bhaineann le húinéireacht, ach gan iad go léir.

Ní dhéantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint ach amháin i gcás ina ndéantar an oibleagáid atá sonraithe sa chonradh a ghlanadh nó a chur ar ceal nó i gcás ina dtéann an oibleagáid sin in éag.

**(2) Breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla agus príomhfhoinsí éiginnteachta maidir le meastacháin**

Agus beartais chuntasaíochta na cuideachta á gcur i bhfeidhm, a bhfuil cur síos orthu i nóta 1, bíonn ar na stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí a bhaineann leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar a bheith ábhartha. D'fhéadfaí go mbeadh difríochtaí ann idir na meastacháin sin agus na torthaí iarbhír. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar na meastacháin chuntasaíochta sa bhliain airgeadais ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú más rud é nach dtéann an t athbhreithniú i bhfeidhm ach ar an mbliain airgeadais sin amháin, nó aithnítear iad i mbliain airgeadais an athbhreithnithe agus i mblianta airgeadais amach anseo más rud é go dtéann an t athbhreithniú i bhfeidhm ar an mbliain airgeadais reatha agus ar bhlianta airgeadais amach anseo araon.

**Breithiúnais chriticiúla maidir le beartais chuntasaíochta na cuideachta a chur i bhfeidhm**

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla a rinne na stiúrthóirí agus beartais chuntasaíochta na cuideachta á gcur i bhfeidhm agus ag a bhfuil an tionchar is mó ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

**Príomhfhoinse neamhchinnteachta maidir le meastacháin – Oibleagáidí sochair shainithe**

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na toimhdí is gá chun dliteanas na cuideachta a luacháil i ndáil leis an scéim pinsin le sochar sainithe. Maidir leis na toimhdí a rinneadh i ndáil leis an ráta lascaine, boilsciú, méaduithe ar phinsin amach anseo, agus ábharthacht, is iad meastacháin is fearr na stiúrthóirí iad agus rinneadh na toimhdí sin i bpáirt le comhairleoirí pinsin na cuideachta.

**Príomhfhoinse maidir le meastacháin – Saolréanna úsáide ionchais**

Chun an ráta dímheasa bhliantúil agus an méid amúchta deontais a chinneadh le haghaidh gach aicme sócmhainne, ní mór don chuideachta meastachán a dhéanamh maidir le saolré ionchais mheasta a cuid sócmhainní faoina ndéanfar an tsócmhainn a dhímheas nó an deontas a amúchadh.

**(3) Láimhdeachas**

Cuimsítear le láimhdeachas luach sonraisc na seirbhísí a sholáthair an chuideachta, CBL san áireamh. I bPoblacht na hÉireann atá an láimhdeachas go léir.







NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **(4) Costas díolachán:** | | |
| Oibriúchán agus cothabháil | 18,032,977 | 14,664,685 |
| Dreidireacht | 586,673 | 676,583 |
| Dímheas (glan) | 3,824,908 | 3,996,431 |
| | 22,444,558 | 19,337,699 |

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **(5) Riarachán agus caiteachas ginearálta:**: | | |
| Caiteachas riaracháin ghinearálta | 6,805,394 | 6,580,150 |
| Rátaí an údaráis áitiúil | 700,504 | 507,398 |
| Cur chun cinn na trádála | 39,517 | 134,678 |
| Soláthar agus ranníocaíochtaí pinsean | 2,019,193 | 1,041,424 |
| Táille iniúchóireachta | 44,000 | 42,950 |
| | 9,608,608 | 8,306,600 |

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **(6) Diúscairt sócmhainní seasta:** | | |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seas | 4,183,765 | 5,415 |
| | 4,183,765 | 5,415 |

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **(7) Costais airgeadais (glanchostais):** | | |
| Ús bainc agus ús eile iníoctha | (766,354) | (639,195) |
| Glanchostas úis ar scéimeanna pinsin | (52,000) | (95,000) |
| | (818,354) | (734,195) |

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **(8) Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin:** | **€** | **€** |
| Sonraítear an brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis na nithe seo a leanas a mhuirearú: | | |
| Luach saothair na n iniúchóirí: | | |
| Seirbhísí iniúchóireachta | 44,000 | 42,950 |
| Seirbhísí iontaofachta eile | 4,100 | 4,100 |
| Seirbhísí maidir le comhlíonadh cánach agus seirbhísí comhairleoireachta | 20,000 | 45,500 |
| Seirbhísí neamh-iniúchóireac | 1,600 | 1,250 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 4,183,765 | 5,415 |
| | | |
| Dímheas | 4,688,737 | 4,857,313 |
| agus tar éis na nithe seo a leanas a chur do shochar: | | |
| Deontais ón Aontas Eorpach agus ón rialtas | 863,829 | 860,882 |

Cuirtear san áireamh i ráitis airgeadais na cuideachta brabús iarchánach don bhliain is inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais dar luach €9,711,418 (2020: €4,822,545). I gcomhréir le hAlt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá an chuideachta ag baint leas as an díolúine óna ráiteas ioncaim aonair a chur i láthair an chruinnithe ghinearálta bhliantúil. Bhain an chuideachta leas freisin as an díolúine óna ráiteas ioncaim aonair a chomhdú leis an gCláraitheoir Cuideachtaí faoi mar a cheadaítear le hAcht na gCuideachtaí, 2014..

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **(9) Líon foirne agus costas:** | **€** | **€** |
| Ba é seo a leanas an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta in aghaidh na míosa sa bhliain airgeadais:: | 164 | 155 |

| Seo a leanas costais phárolla chomhiomlána na ndaoine sin: | **2021 €** | **2020 €** |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 11,309,377 | 10,209,732 |
| Costais slándála sóisialaí | 1,138,416 | 1,086,126 |
| Costas sochar scoir | 2,019,193 | 1,041,424 |
| | 14,466,986 | 12,337,282 |



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **(9) Líon foirne agus costas – ar lean:** | **€** | **€** |
| Táillí na stiúrthóirí | 69,466 | 92,703 |
| Díolaíochtaí eile na stiúrthóirí | 301,281 | 334,864 |
| Ranníocaíochtaí le scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin | 45,476 | 40,350 |

€Nialas atá sna méideanna eile a gceanglaítear iad a nochtadh le hAilt 305 agus 306 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, don dá bhliain.

Cuimsítear le táillí agus le díolaíochtaí eile na stiúrthóirí thuas an luach saothair do phost an Phríomhfheidhmeannaigh mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Táillí na stiúrthóirí | - | 8,423 |
| Tuarastal iomlán | 175,000 | 228,761 |
| Sochair eile lena n áirítear Costais phinsin agus costas charr na cuideachta | 47,926 | 48,967 |
| | 222,296 | 286,151 |

€1,163,883 (2020: €1,255,712) an luach a bhí ar chúiteamh le príomhphearsanra bainistíochta.

| **(10) Cáin:** | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **(a) Anailís ar an muirear cánach** | **€** | **€** |
| Muirear cánach corparáide ar an mbrabús don bhliain airgeadais | (782,119) | (548,626) |
| (Muirear)/Creidmheas na cánach iarchurtha | (342,986) | (62,528) |
| | (1,125,105) | (611,154) |

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **(b) Tosca a théann i bhfeidhm ar an muirear cánach** | **€** | **€** |

Is airde an cháin a measúnaíodh don bhliain airgeadais ná an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann. Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | | |
|---|---|---|
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | 11,083,449 | 5,284,763 |
| Brabús ag ráta cánach caighdeánach 12.5% | 1,385,431 | 660,595 |
| Difríocht idir liúntais chaipitiúla agus dímheas | (441,434) | (31,787) |
| Glanmhéideanna (neamh-inchánach)/inchánach | (530,854) | (80,182) |
| Cáin ar ghnóthachan inmhuirir | 368,976 | - |
| Muirear cánach iarchurtha | 342,986 | 62,528 |
| | 1,125,105 | 611,154 |

(11) Sócmhainní inláimhsithe – Grúpa:

| | Struchtúir Duga € | Gléasra agus Innealra € | Árthaí ar snámh € | Dreidireacht chaipitiúil € | Foirgnimh € | Talamh agus léasachtaí € | CIP € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ollmhéid:** | | | | | | | | |
| Costas amhail ar an 1 Eanáir 2021 | 94,954,760 | 36,753,811 | 11,175,072 | 4,298,419 | 13,178,092 | 23,877,280 | 72,953,535 | 257,190,969 |
| Aistriú CIP | 54,058,215 | 14,848,225 | - | 1,789,934 | 2,257,161 | - | (72,953,535) | - |
| Breiseanna | 11,343,153 | 1,870,709 | 10,000 | 402,188 | 3,246,239 | - | - | 16,872,289 |
| Diúscairtí | (226,474) | (461,110) | (296,855) | - | (2,324,660) | - | - | (3,309,099) |
| Costas amhail ar an 31 Nollaig 2021 | 160,129,654 | 53,011,635 | 10,888,217 | 6,490,541 | 16,356,832 | 23,877,280 | - | 270,754,159 |
| **Dímheas:** | | | | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2021 | 51,322,018 | 29,098,280 | 8,633,818 | 4,097,825 | 7,568,207 | - | - | 100,720,148 |
| Arna sholáthar sa bhliain airgeadais | 2,448,532 | 1,268,370 | 498,152 | 171,937 | 301,747 | | - | 4,688,738 |
| Diúscairtí | (92,465) | (73,312) | (148,428) | - | (1,056.893) | - | - | (1,371,098) |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2021 | 53,678,085 | 30,293,338 | 8,983,542 | 4,269,762 | 6,813,061 | - | - | 104,037,788 |
| **Suim ghlanluacha:** | | | | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2021 | 43,632,742 | 7,655,531 | 2,541,254 | 200,594 | 5,609,885 | 23,877,280 | 72,953,535 | 156,470,821 |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2021 | 106,451,569 | 22,718,297 | 1,904,675 | 2,220,779 | 9,543,771 | 23,877,280 | - | 166,716,371 |

(11) Sócmhainní inláimhsithe – Cuideachta:

| | Duga Struchtúir € | Gléasra agus Innealra € | Árthaí ar snámh € | Dreidireacht chaipitiúil € | Foirgnimh € | Talamh agus léasachtaí € | CIP € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ollmhéid:** | | | | | | | | |
| Costas amhail ar an 1 Eanáir 2021 | 94,954,760 | 36,672,376 | 11,175,072 | 4,298,419 | 13,178,092 | 19,850,892 | 72,953,535 | 253,083,146 |
| Aistriú CIP | 54,058,215 | 14,848,225 | - | 1,789,934 | 2,257,161 | - | (72,953,535) | - |
| Breiseanna | 11,343,153 | 1,870,709 | 10,000 | 402,188 | 3,246,239 | - | - | 16,872,289 |
| Diúscairtí | (226,474) | (461,110) | (296,855) | - | (2,324,660) | - | - | (3,309,099) |
| Costas amhail ar an 31 Nollaig 2021 | 160,129,654 | 52,930,200 | 10,888,217 | 6,490,541 | 16,356,832 | 19,850,892 | - | 266,646,336 |
| **Dímheas:** | | | | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2021 | 51,322,018 | 29,016,845 | 8,633,818 | 4,097,825 | 7,568,207 | - | - | 100,638,713 |
| Arna sholáthar sa bhliain airgeadais | 2,448,532 | 1,268,370 | 498,152 | 171,937 | 301,747 | | | 4,688,738 |
| Diúscairtí | (92,465) | (73,312) | (148,428) | - | (1,056,893) | - | - | (1,371,098) |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2021 | 53,678,085 | 30,211,903 | 8,983,542 | 4,269,762 | 6,813,061 | - | - | 103,956,353 |
| **Suim ghlanluacha:** | | | | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2021 | 43,632,742 | 7,655,531 | 2,541,254 | 200,594 | 5,609,885 | 19,850,892 | 72,953,535 | 156,470,821 |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2021 | 106,451,569 | 22,718,297 | 1,904,675 | 2,220,779 | 9,543,771 | 19,850,892 | - | 162,689,983 |

**(12) Sócmhainní seasta inláimhsithe – Sócmhainní oidhreacht:**

Cuimsítear le sócmhainní seasta sócmhainní oidhreachta mar a fhorordaítear faoi FRS 102 mar seo a leanas:

| Costas | Pictiúir<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2021 | 312,699 | 312,699 |
| Breiseanna | - | - |
| Tabhartais | (312,699) | (312,699) |
| 31 Nollaig 2021 | - | - |
| | | |
| Ar luacháil | - | - |
| Ar costas | - | - |
| Iomlán | - | - |

| Achoimre airgeadais 5 bliana ar shócmhainní oidhreachta | 2021<br>€ | 2020<br>€ | 2019<br>€ | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceannacháin | - | - | - | - | - |
| Tabhartais | - | - | - | - | - |
| Breiseanna iomlána | - | - | - | - | - |
| Diúscairtí | | | | | |
| Suim ghlanluacha | (312,699) | - | - | - | - |
| Fáltais ó thabhartais | 680,000 | - | - | - | - |

**I ndáil leis an mbliain roimhe**

Cuimsítear le sócmhainní seasta sócmhainní oidhreachta mar a fhorordaítear faoi FRS 102 mar seo a leanas:

| Costas | Pictiúir<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2021 | 312,699 | 312,699 |
| Breiseanna | - | - |
| Tabhartais | (312,699) | (312,699) |
| 31 Nollaig 2021 | - | - |
| | | |
| Ar luacháil | - | - |
| Ar costas | - | - |
| Iomlán | - | - |



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

| (13) Sócmhainní airgeadais: | 2021 Grúpa | 2021 Cuideachta | 2020 Grúpa | 2020 Cuideachta |
|---|---|---|---|---|
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus infheistíochtaí eile | € | € | € | € |
| Costas amhail ar an 1 Eanáir | - | 3,392,985 | - | 3,392,985 |
| Infheistíocht i gcuideachta chomhlachaithe | 40,000 | 40,000 | 40,000 | 40,000 |
| Iasacht le cuideachta chomhlachaithe | 3,160,000 | 3,160,000 | 3,160,000 | 3,160,000 |
| Sciar chaillteanas na cuideachta comhlachaithe | (548,116) | - | (486,670) | |
| Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig | 2,651,884 | 6,592,985 | 2,713,330 | 6,592,985 |

Cuimsítear le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus infheistíochtaí eile:

(a) Seirbhísí Chríochfoirt Phort Chorcaí DAC ar scairshealbhóirí 100% cláraithe iad ainmnithe Chuideachta Phort Chorcaí. I bPoblacht na hÉireann atá an chuideachta seo cláraithe agus tá a seoladh cláraithe lonnaithe ag Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Duga agus Eastát Tionsclaíochta Tivoli, Corcaigh, T23 YNT9. Soláthraíonn an chuideachta seirbhísí lastais i bPort Chorcaí.

(b) Is le Cuideachta Phort Chorcaí 100% de Aniram MDA DAC. I bPoblacht na hÉireann atá an chuideachta seo cláraithe agus tá a seoladh cláraithe lonnaithe ag Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Duga agus Eastát Tionsclaíochta Tivoli, Corcaigh, T23 YNT9. Is é príomhghníomhaíocht na cuideachta bainistíocht agus forbairt na réadmhaoine léasaí atá i seilbh na cuideachta.

(c) Is cuideachta neamhthrádála é Gaelic Ferries Limited, agus tá a sheoladh cláraithe ag An Feistiú, Cúirt na Mara, na Creagacha Dubha, Dún Dealgan, Co. Lú, agus tá leas comhlachaithe 28.4% ag Cuideachta Phort Chorcaí ann. Tá an chuideachta neamhthrádála seo á foirceannadh faoi láthair.

(d) Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí DAC. Aistríodh gníomhaíochtaí, sócmhainní agus trádáil Choimisinéirí Chuan Bhá Bheanntraí chuig Cuideachta Phort Chorcaí an 1 Eanáir 2014. Cuireadh fochuideachta, Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí Teoranta, ar bun chun gníomhaíochtaí Chuan Bheanntraí a bhainistiú.

(e) Is cuideachta í Cuideachta Forbartha Mhuiríne Bhéal an Bhealaigh DAC ar le Cuideachta Phort Chorcaí 40% dá scairchaipiteal. Cuireadh an chuideachta ar bun chun Pointe Marino, an Cóbh, Contae Chorcaí a cheannach agus a athfhorbairt.

| (14) Féichiúnaithe: | 2021 Grúpa | 2021 Cuideachta | 2020 Grúpa | 2020 Cuideachta |
|---|---|---|---|---|
| **Suimeanna dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin:** | € | € | € | € |
| Féichiúnaithe trádála | 6,116,803 | 5,575,851 | 4,471,717 | 4,221,308 |
| Ciste Aoisliúntais Phort Chorcaí | 2,996,042 | 2,996,042 | 1,420,509 | 1,420,509 |
| Cáin bhreisluacha | 321,355 | 316,863 | 206,559 | 198,905 |
| Féichiúnaithe eile | 1,094,036 | 888,945 | 1,554,841 | 1,464,742 |
| Cánacha corparáide | 919,350 | 876,506 | 230,841 | 252,269 |
| Suimeanna dlite ó fhochuideachta | - | 850,503 | - | 850,503 |
| | 11,447,586 | 11,504,710 | 7,884,467 | 8,408,236 |

The amount due from subsidiary company is unsecured, interest free and is repayable on demand.

| (15) Creidiúnaithe: | 2021 Grúpa | 2021 Cuideachta | 2020 Grúpa | 2020 Cuideachta |
|---|---|---|---|---|
| **Suimeanna dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin:** | € | € | € | € |
| Creidiúnaithe trádála | 1,640,876 | 1,613,629 | 680,148 | 675,381 |
| Fabhruithe | 7,230,492 | 6,231,296 | 8,838,255 | 8,502,247 |
| Iasachtaí (Nóta 16) | 3,920,795 | 3,920,795 | 3,168,526 | 3,168,526 |
| Cánacha párolla | 517,157 | 479,357 | 456,215 | 437,473 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 180,098 | 166,326 | 173,985 | 166,325 |
| Suimeanna dlite d'fhochuideachta | - | 628,799 | - | 90,000 |
| | 13,489,418 | 13,040,202 | 13,317,129 | 13,039,952 |

An tsuim atá dlite d'fhochuideachtaí, tá sí neamhurraithe, saor ó ús, agus inaisíoctha ar éileamh.

| (16) Fiachas caipitil – Grúpa agus Cuideachta:: | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **(a) Suimeanna dlite tar éis breis agus bliain airgeadais amháin:** | € | € |
| Iasachtaí – inaisíoctha ina dtráthchodanna 2-3 bliana | | 7,837,052 |
| Iasachtaí – inaisíoctha ina dtráthchodanna 4-5 bliana | | 7,356,314 |
| Iasachtaí – inaisíoctha ina dtráthchodanna tar éis 5 bliana | 38,626,265 | 22,001,270 |
| | 53,272,481 | 37,194,636 |



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

| | 2021 | 2021 | 2020 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| **(b) Is mar seo a leanas a shealbhaítear an fiachas caipitil:** | € | € | € | € |
| Iníoctha | laistigh d'aon bhliain amháin | tar éis 1 bhliain amháin | laistigh d'aon bhliain amháin | tar éis 1 bhliain amháin |
| Stoc dofhuascailte | - | 1,270 | - | 1,270 |
| **Iasacht bhainc:** | | | | |
| Inaisíoctha faoi 2024 | 3,920,795 | 53,272,481 | 3,168,526 | 37,194,636 |
| **Iomlán an fhiachais caipitil** | 3,920,795 | 53,272,481 | 3,168,526 | 37,194,636 |

| (17) Deontais chaipitil – Grúpa agus Cuideachta: | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid tosaigh | 24,313,734 | 24,370,827 |
| Deontais a fuarthas | 3,542,356 | 803,789 |
| Deontais a amúchadh | (863,829) | (860,882) |
| Iarmhéid deiridh | 26,992,261 | 24,313,734 |



| (18) Soláthar le haghaidh dliteanas – Grúpa agus Cuideachta: | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Cánachas iarchurtha | 1,309,572 | 637,711 |
| Ciste Aoisliúntais Phort Chorcaí | 1,751,000 | 1,906,000 |
| Pinsin (féach nóta 21) | 3,641,000 | 6,117,000 |
| | 6,701,572 | 8,660,711 |
| Cánachas iarchurtha: | | |
| Leagtar amach anseo thíos na suimeanna a sholáthraítear le haghaidh an dliteanais cánachais iarchurtha iomláin a d'fhéadfadh a bheith ann: | | |
| Ar dhifríocht idir an dímheas carntha agus amúchadh na liúntas caipitil | 1,983,572 | 1,640,586 |
| Ar scéim pinsin le sochar sainithe | (455,125) | (764,625) |
| Ar Chiste Aoisliúntais Phort Chorcaí | (218,875) | (238,250) |
| | 1,309,572 | 637,711 |

| (19) Scairchaipiteal glaoite a chuirtear i láthair mar chothromas – Grúpa agus Cuideachta | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Cothromas: | | |
| Údaraithe: | | |
| 47,000,000 gnáthscair ar €1.25 an ceann | 58,750,000 | 58,750,000 |
| Sannta, eisithe agus láníoctha: | | |
| 18,014,977 gnáthscair shannta, eisithe agus láníoctha | | |
| ar €1.25 an ceann | 22,518,722 | 22,518,722 |

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

| (20) Gluaiseachtaí ar chúlchistí: | 2021 Grúpa | 2021 Cuideachta | 2020 Grúpa | 2020 Cuideachta |
|---|---|---|---|---|
| **Cúlchiste comhshó caipitil::** | € | € | € | € |
| Iarmhéid tosaigh amhail ar an 1 Eanáir | 267,320 | 267,320 | 267,320 | 267,320 |
| Gluaiseacht don bhliain airgeadais | - | - | - | - |
| **Iarmhéid deiridh amhail ar an 31 Nollaig** | 267,320 | 267,320 | 267,320 | 267,320 |
| | | | | |
| **Cúlchiste caipitil:** | € | € | € | € |
| Iarmhéid tosaigh amhail ar an 1 Eanáir | 989 | - | 989 | - |
| Gluaiseacht don bhliain airgeadais | - | - | - | - |
| **Iarmhéid deiridh amhail ar an 31 Nollaig** | 989 | - | 989 | - |
| | | | | |
| **Cuntas brabúis agus caillteanais:** | € | € | € | € |
| Iarmhéid tosaigh amhail ar an 1 Eanáir | 70,139,127 | 70,364,245 | 64,240,768 | 64,316,950 |
| Brabús don bhliain airgeadais | 9,958,344 | 9,711,418 | 4,673,609 | 4,822,545 |
| Gnóthachan achtúireach aitheanta ar scéimeanna pinsin | 2,135,000 | 2,135,000 | 1,573,000 | 1,573,000 |
| Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach aitheanta ar Dhliteanas Chiste Aoisliúntais Phort Chorcaí | 155,000 | 155,000 | (56,000) | (56,000) |
| Díbhinn a íocadh | - | - | - | - |
| Cáin iarchurtha a bhaineann le dliteanas achtúireach | (328,874) | (328,874) | (292,250) | (292,250) |
| | | | | |
| **Iarmhéid deiridh amhail ar an 31 Nollaig** | 82,058,597 | 82,036,789 | 70,139,127 | 70,364,245 |
| | | | | |
| Cúlchistí iomlána | 82,326,906 | 82,304,109 | 70,407,436 | 70,631,565 |

Léirítear leis an gcuntas brabúis agus caillteanais an brabús nó an caillteanas carnach, glan ar dhíbhinní a íocadh agus ar choigeartuithe eile.

Léirítear leis an gcúlchiste comhshó caipitil an difríocht a tháinig chun cinn ar chomhshó scaireanna na cuideachta mar thoradh ar thabhairt isteach an euro.

**(21) Scéimeanna pinsin:**

**(a) Luacháil achtúireach**

Feidhmíonn Cuideachta Phort Chorcaí scéimeanna pinsin le sochar sainithe. Rinne Mercer Limited, Achtúirí agus Comhairleoirí, an luacháil achtúireach iomlán deiridh ar Scéimeanna Pinsin na Cuideachta an 1 Eanáir 2021 leis an luacháil chaighdeánach cistiúcháin íosta ar dhliteanais. Ba é €50.40 milliún luach margaidh na sócmhainní i scéimeanna aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí ar dháta na luachála achtúirí, agus léiríodh sa luacháil achtúireach go raibh luach achtúireach na sócmhainní sin cothrom le 90% de na sochair a thabhaigh na comhaltaí. Ba é €1.84 milliún (2020: €1.75 milliún) luach na ranníocaíochtaí don bhliain airgeadais de réir comhairle achtúireach neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil.

Rinne Cuideachta Phort Chorcaí íocaíochtaí pinsin dar luach €3.08 milliún in 2021 (2020: €3.18 milliún) thar ceann Chiste Aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí.

Chuir Bord Stiúrthóirí Chuideachta Phort Chorcaí scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin ar bun le haghaidh fostaithe nua le feidhm ón 1 Eanáir 2006. D'íoc an Chuideachta €482,021 (2020: €482,328) isteach i scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe pinsin in 2021. Tá na scéimeanna pinsin le sochar sainithe ag dul ar aghaidh i gcónaí le haghaidh na ndaoine sin ar baill cheana féin iad.

**(b) Nochtaí**

**Toimhdí airgeadais**:

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais scoir an 31 Nollaig a ríomh:

| Modh luachála | Aonad réamh-mheasta 2021 | Aonad réamh-mheasta 2020 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.25% | 1.00% |
| Ráta boilscithe | 2.00% | 1.25% |
| Méaduithe tuarastail | 2.50% | 2.50% |
| Méaduithe pinsin | 0.00% | 0.00% |



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

**Toimhdí maidir le básmhaireacht:**

Is iad seo a leanas na toimhdí a bhaineann le hionchas saoil ar scor maidir leis na baill sin a théann ar scor in aois 65 bliana::

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **Dul ar scor inniu** | | |
| Fir | 22.6 | 22.5 |
| Mná | 24.3 | 24.4 |
| **Dul ar scor i gceann 25 bliana** | | |
| Fir | 23.8 | 24.8 |
| Mná | 25.7 | 26.7 |



**(21) Scéimeanna pinsin – ar lean:**

Ba iad seo a leanas luach margaidh na sócmhainní sna scéimeanna pinsin (Cuideachta Phort Chorcaí agus Údarás Píolótaíochta Phort Chorcaí) ('na scéimeanna') agus na ndliteanas amhail ar an 31 Nollaig:

| | Luach margaidh amhail ar an 31 Nollaig | |
|---|---|---|
| | **2021** | **2020** |
| | **€'000** | **€'000** |
| Cothromas | 15,653 | 20,327 |
| Bannaí | 36,778 | 33,593 |
| Airgead tirim / Eile | 2,885 | 2,861 |
| | 55,316 | 56,781 |
| Luach láithreach na ndliteanas scéime pinsin | (58,957) | (62,898) |
| Glaneasnamh sna scéimeanna pinsin | (3,641) | (6,117) |
| Sócmhainn cánach iarchurtha ghaolmhar | 455 | 765 |
| Glandliteanas pinsin | (3,186) | (5,352) |

Agus luach margaidh na sócmhainní thuas á ríomh, rinneadh suim €2.996m (2020: €1.421m) atá dlite do Chuideachta Phort Chorcaí a asbhaint. Tá Dliteanas Caipitil ar leith ag Cuideachta Phort Chorcaí ar luach €1.75m (2020: €1.91m), nach n áirítear é sna ríomhanna thuas, a bhaineann le Ciste Aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí agus leis sin amháin. Mar sin féin, áirítear na suimeanna sin sa ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais mar a thuairiscítear i nótaí 14 agus 18 faoi seach.



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| *(i) Anailís ar an tsuim a chuirtear de mhuirear ar an mbrabús oibriúcháin* | | |
| *Costas na seirbhíse reatha* | 763 | 796 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas ar chiorrúcháin / athruithe / tabhairt isteach | 648 | - |
| | 1,411 | 796 |
| *(ii) Anailís ar an tsuim a chuirtear de mhuirear ar ioncam airgeadais eile:* | | |
| Ús ar dhliteanais na scéime | 614 | 767 |
| Ioncam úis | (562) | (672) |
| | 52 | 95 |
| | | |
| **Toimhdí airgeadais:** | **2021** | **2020** |
| | **€'000** | **€'000** |
| *(iii) Anailís ar an tsuim a aithnítear sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta (ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach):* | | |
| Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime | (912) | 3,005 |
| (Caillteanais)/gnóthachain ó thaithí | (160) | 735 |
| Athruithe ar thoimhdí | 3,207 | (2,167) |
| Gnóthachan achtúireach a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach | 2,135 | 1,573 |

**(21) Scéimeanna pinsin – ar lean:**
**(b) Nochtaí – ar lean**
**Toimhdí airgeadais – (ar lean):**

(iv) Anailís ar an ngluaiseacht easnaimh sa bhliain airgeadais:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| *(a) (a) Athrú ar oibleagáid sochair* | | |
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana airgeadais | 62,898 | 62,925 |
| Costas seirbhíse | 763 | 796 |
| Athruithe/tabhairt isteach | 648 | - |
| Costas úis | 614 | 767 |
| Ranníocaíochtaí rannpháirtithe an phlean | 157 | 162 |
| Caillteanas achtúireach | (3,047) | 1,432 |
| Sochair a íocadh | (3,076) | (3,184) |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana airgeadais** | 58,957 | 62,898 |
| | | |
| *(a) Athrú ar shócmhainní an phlean* | | |
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana airgeadais | 56,781 | 54,414 |
| | | |
| Ioncam úis | 562 | 672 |
| Gnóthachan achtúireach | (912) | 3,005 |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | 1,842 | 1,750 |
| Ranníocaíochtaí rannpháirtithe an phlean | 157 | 162 |
| | | |
| Sochair a íocadh ón bplean | (3,076) | (3,184) |
| Speansais a íocadh | (38) | (38) |
| **Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana airgeadais** | 55,316 | 56,781 |

Leagtar amach anseo thíos an nochtadh measta ar an ráiteas ioncaim le haghaidh 2022. Tabharfar an nochtadh seo chun críche ag deireadh 2022 chun léiriú a thabhairt ar na tuarastail iarbhír a íocadh sa bhliain, ar aon mhéadú a ceadaíodh agus ar aon athrú mór ó thaobh na ballraíochta de. Is toisc é an ráta ionchais fáltais ar shócmhainní a nochtadh an 31 Nollaig 2021 chun an speansas sin a chinneadh.



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

| | 2021 |
|---|---|
| **Suim a chuirtear de mhuirear ar an mbrabús oibriúcháin** | **€'000** |
| Costas na seirbhíse reatha | 731 |
| | 731 |
| **Suim a chuirtear do shochar ioncaim airgeadais eile** | |
| Ús ar dhliteanais | 718 |
| Fáltas ionchais ar shócmhainní | (647) |
| | 71 |
| | |
| **Ráiteas ioncaim 2022** | 802 |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

**(21) Scéimeanna pinsin – ar lean:**
**(c) Nochtaí – ar lean**
**Toimhdí airgeadais – (ar lean):**

| Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí | 2021 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime | (912) | 3,005 | 5,081 | (1,665) | 833 |
| % de shócmhainní na scéime | (1.64%) | 5.92% | 9.34% | (3.35%) | 1.60% |
| | | | | | |
| Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí | (160) | 735 | (374) | 301 | (191) |
| % de luach láithreach dhliteanais na scéime | (0.27%) | 1.17% | (0.59%) | 0.52% | (0.31%) |
| Gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach | 2,135 | 1,573 | (861) | (277) | 1,438 |
| % de luach láithreach dhliteanais na scéime | 3.62% | 2.50% | (1.58%) | (0.56%) | 2.35% |

**(22)Ceangaltais chaipitil – Grúpa agus Cuideachta:**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Caiteachas caipitiúil a bhfuil conradh déanta lena aghaidh ach nach bhfuil soláthar dó sna ráitis airgeadais | 2,258,327 | 13,294,748 |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

**(23) Ionstraimí Airgeadais:**

Tugtar achoimre anseo thíos ar luachanna de réir na leabhar ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais an ghrúpa:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sócmhainní airgeadais** | | |
| Tomhaiste de réir na suime neamhlascainithe infhaighte: | | |
| · Féichiúnaithe trádála | 6,300,58 | 4,603,242 |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Tomhaiste de réir na suime neamhlascainithe iníoctha: | | |
| · Suimeanna iníoctha trádála | 1,526,365 | 551,447 |
| Measta de réir an chostais amúchta | | |
| · Fiachas caipitil | 53,272,481 | 40,363,162 |

**(24) Próiseas eadrána:**

Tá imeachtaí eadrána ag dul ar aghaidh idir an Chuideachta agus ceann dá conraitheoirí maidir le héilimh agus frithéilimh i ndáil le tionscadal a tugadh chun críche. Tá an Chuideachta ag cur in aghaidh bhailíocht aon éilimh atá ag an gconraitheoir. Cé nach féidir, faoi láthair, an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na héilimh sin a mheas, ní chreideann na stiúrthóirí, tar éis comhairle iomchuí a ghlacadh, gur dócha go dtarlódh eis-sreabhadh sochar eacnamaíoch.

**(25) Idirbhearta páirtithe gaolmhara:**

Ar aon dul le go leor eintiteas eile, bíonn Cuideachta Phort Chorcaí ag déileáil i ngnáthchúrsa a gnó le heintitis rialtais, údaráis áitiúla, mar atá Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaigh, agus cuideachtaí eile faoi úinéireacht stáit ar bhonn an fheidhmithe neamhspleách. Tá Noel Cregan, Stiúrthóir (a d'éirigh as 26/02/2022) ina stiúrthóir freisin ar ADT Ireland Limited a chuireann seirbhísí ar fáil don ghrúpa. Ba é €341,637 (2020: €95,305) an luach a bhí ar na seirbhísí sin in 2021.




PORT of CORK

DEEPWATER MULTI-MODAL PORT

## Cuideachta Phort Chorcaí

Tivoli Terminal Building,
Tivoli Dock & Industrial Estate,
Cork.

Tel:+353 21 427 3125
Email:info@portofcork.ie